

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 65



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Imleabhar 66

2 Márta 2023

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2023/444 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2022 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le bearta chun rochtain éifeachtach ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú trí chumarsáid éigeandála ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach “112” <sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/445 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2023 lena bhformheastar leasuithe ar shonraíocht sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint (“Colli Bolognesi Classico Pignoletto”) (STFC) ..... 9
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/446 ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a mhéid a bhaineann le plandaí áirithe *Ligustrum delavayanum* agus *Ligustrum japonicum* le haghaidh plandú de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a mhéid a bhaineann leis na bearta fiteashláintíochta chun na plandaí sin le haghaidh plandú a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ..... 11
- ★ Rialachán (AE) 2023/447 ón gCoimisiún an 1 Márta 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid gliocóisídí steibhióil glúcósalaith mar mhilseoir <sup>(1)</sup> ..... 16
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/448 ón gCoimisiún an 1 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/574 maidir le caighdeáin theicniúla chun córas inrianaitheachta maidir le táirgí tobac a bhunú agus a oibriú ..... 28

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

## Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Threoir Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1647 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Treoir 2003/90/CE a mhéid a bhaineann le maolú le haghaidh cineálacha orgánacha speiceas plandaí talmhaíochta atá oiriúnach don táirgeadh orgánach (IO L 248, 26.9.2022) ..... 58

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/444 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Nollaig 2022

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le bearta chun rochtain éifeachtach ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú trí chumarsáid éigeandála ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach “112”**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 109 (8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 109 (8) de Threoir (AE) 2018/1972, chun rochtain éifeachtach ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála chuig an uimhir aonair éigeandála Eorpach “112” sna Ballstáit a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe, leis an gcéad ghníomh den sórt sin le glacadh faoin 21 Nollaig 2022. Leis na gníomhartha tarmligthe sin, déanfar míreanna 2, 5 agus 6 d’Airteagal 109 den Treoir maidir leis na bearta is gá chun comhoiriúnacht, idir-inoibritheacht, cáilíocht, iontaofacht agus leanúnachas na cumarsáide éigeandála san Aontas a áirithiú maidir le réitigh faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora, rochtain d’úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas agus ródú chuig an bpointe freagartha glaonna éigeandála (PSAP) is iomchuí.
- (2) Gné thábhachtach is ea an cumarsáid éigeandála maidir le sábháilteacht, slándáil agus sláinte an phobail. Le breis agus 30 bliain anuas, bhí saoránaigh den Aontas ag brath ar rochtain ar sheirbhísí éigeandála agus an uimhir aonair éigeandála Eorpach “112” á húsáid acu. Ba cheart go mbeadh siad ábalta é sin a dhéanamh sa domhan digiteach fós. Ba cheart go mbainfeadh saoránaigh tairbhe as faisnéis chomhthéacsúil chuimsitheach agus thráthúil a sheachadadh chun aghaidh a thabhairt ar chás éigeandála. Leis an ardleibhéal nascachta ar a ndíríonn aistriú digiteach na hEorpa, mar a léirítear sa Chinneadh lena mbunaítear Clár Beartais na Deacáide Digití 2030 <sup>(2)</sup>, tá ascnamh teicneolaíoch á thabhairt isteach i dteicneolaíochtaí uile-IP na seirbhísí cumarsáide leictreonaí a úsáideann saoránaigh, go háirithe daoine faoi mhíchumas. Spreagtar leis an aistriú ó theicneolaíochtaí ciorcadlasctha go teicneolaíochtaí paicéadlasctha i líonraí cumarsáide leictreonaí úsáid seirbhísí gutha trí Fhochóras Ilmheán IP atá bunaithe ar theicneolaíochtaí VoIP fostaithe agus móibíleacha arna mbainistiú amhail Éabhlóid Fhadtéarmach Ghuthaithe (VoLTE), Raidió Nua Guthaithe (VoNR in 5G) agus Wi-Fi Guthaithe (VoWiFi). Cumasaíonn teicneolaíochtaí paicéadlasctha seirbhísí téacs agus fiseánbhunaithe amhail téacs fíor-ama agus seirbhísí comhrá iomláin. Ní féidir leis na líonraí oidhreachta ciorcadlasctha, ar nós líonraí 2G agus 3G atá á ndíchoimisiúnú, tacú leis na seirbhísí cumarsáide sin bunaithe ar IP. Dá bhrí sin, tá gá le cumarsáid éigeandála a ascnamh go teicneolaíochtaí paicéadlasctha freisin. Tá sé d’aidhm ag an Rialachán seo a áirithiú go ndéanfar cáilíocht agus iontaofacht na cumarsáide éigeandála a áirithiú sa phróiseas bunathraitheach sin.

<sup>(1)</sup> IO L 321, 17.12.2018, lch. 36.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais na Deacáide Digití 2030 (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4).

- (3) Is é is aidhm do na seirbhísí éigeandála éifeachtaí teagmhais éigeandála a sheachaint, a mhaolú nó a bhainistiú trí idirghabháil éigeandála. Bíonn tionchar bunúsach ag an am is gá don idirghabháil éigeandála ar thoradh na dteagmhas éigeandála. Éilítear le hidirghabháil éigeandála éifeachtach slógadh tapa na n-acmhainní idirghabhála a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an teagmhas éigeandála, agus teacht go tapa chuig an láthair idirghabhála.
- (4) Is é is cuspóir don chumarsáid éigeandála go mbeidh úsáideoirí deiridh ábalta rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála chun faoiseamh éigeandála a iarraidh agus a fháil ó na seirbhísí éigeandála. Cé go gcuirtear an chumarsáid éigeandála ar bun idir an t-úsáideoir deiridh agus an PSAP, ba cheart é a bheith ina ról ag an PSAP is iomchuí an fhaisnéis a fhaightear a phróiseáil agus an t-iarratas a chur in iúl do na seirbhísí éigeandála, rud a áiríteoidh rochtain ar sheirbhísí éigeandála. Ag brath ar eagrú náisiúnta na gcóras PSAP agus na gcóras seirbhísí éigeandála, is féidir le PSAPanna agus seirbhísí éigeandála a bheith ina n-eintitis fhorluiteacha nó uathrialacha.
- (5) Chun rochtain ar sheirbhísí éigeandála a chumasú, ba cheart cumarsáid éifeachtach éigeandála a áirithiú idir an t-úsáideoir deiridh agus an PSAP is iomchuí agus faisnéis chomhthéacsúil a chur ar fáil go tráthúil, lena n-áirítear faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora. Leis an bhfaisnéis chomhthéacsúil cuirtear leis an tuairisc ar an teagmhas éigeandála, mar shampla, an timpeallacht fhísiciúil, riocht agus cumais na ndaoine lena mbaineann, logánú an teagmhais, etc. Le hinfhaighteacht agus cruinneas faisnéise comhthéacsúla féadfar na hacmhainní idirghabhála cuí a aithint go pras agus teacht go tapa ar an láthair idirghabhála, e.g. nuair atá suíomh cruinn an ghlaiteora ar fáil. Féadfaidh an t-úsáideoir deiridh an fhaisnéis sin a chur in iúl do na seirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála, nó féadfar í a fháil go huathoibríoch ó ghléas an úsáideora deiridh nó an líonra.
- (6) Tá suíomh an ghlaiteora ar cheann de na cineálacha faisnéise comhthéacsúla is tábhachtaí a bhaineann le cumarsáid éigeandála agus bíonn tionchar mór aige ar a n-éifeachtacht. Bíonn tionchar ag cruinneas agus iontaofacht faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora ar an am is gá chun suíomh na héigeandála a shainithint agus teacht na seirbhísí éigeandála ar an láthair.
- (7) Le Treoir (AE) 2018/1972 ceanglaítear ar údaráis rialála inniúla critéir chruinnis agus iontaofachta shuíomh an ghlaiteora a bhunú. Is ionann na critéir sin agus na híosleibhéil chruinnis agus iontaofachta maidir le faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora nach mór a chur chun feidhme ar chríoch an Bhallstáit trí theicneolaíochtaí gréasánbhunaithe agus teicneolaíochtaí a fhaightear ón sás láimhe. De réir chásdlí Cúirte Breithiúnais na hEorpa, ba cheart a áirithiú leis na critéir <sup>(3)</sup>, laistigh de theorainneacha na féidearthachta teicniúla, go ndéanfar staid an úsáideora deiridh a aimsiú ar bhealach chomh hiontaofa agus chomh cruinn agus is gá le gur féidir leis na seirbhísí éigeandála cuidiú go húsáideach leis an úsáideoir deiridh. Áirithítear le meascán na dteicneolaíochtaí sin, fiú nuair a theipeann ar réiteach shuíomh an ghlaiteora a fhaightear ón sás láimhe faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora a chur ar fáil don PSAP is iomchuí, gur féidir leis na seirbhísí éigeandála brath ar shuíomh gréasánbhunaithe chun cuidiú úsáideach a thabhairt don úsáideoir deiridh, i.e. i gcomhréir leis na critéir maidir le cruinneas agus iontaofacht shuíomh an ghlaiteora arna mbunú ag na Ballstáit. Maidir le critéir maidir le suíomh an ghlaiteora, nach féidir íosleibhéil chruinnis agus iontaofachta a chruthú leo, d'fhéadfadh cur chun feidhme a bheith mar thoradh orthu nach n-áirithíonn go bhfaighidh na seirbhísí éigeandála faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora, ar féidir leo í a úsáid go héifeachtach. Ba cheart gur faoi na Ballstáit a bheadh sé éifeacht chomhcheangailte réitigh shuíomh an ghlaiteora atá indéanta go teicniúil a mheasúnú, agus íoschritéir a bhunú maidir le cruinneas agus iontaofacht shuíomh an ghlaiteora, a chuirfeadh ar chumas na seirbhísí éigeandála, dá gcuirfí chun feidhme iad, idirghabháil a dhéanamh ar bhealach úsáideach. D'fhéadfadh an úsáid a bhaintear as cruinneas na faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora a bheith éagsúil ag brath ar an limistéar ónar tháinig an chumarsáid éigeandála (e.g. uirbeach nó tuaithe) agus d'fhéadfaí é a léiriú dá réir sin sna critéir a leagtar síos. Chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú laistigh den Aontas maidir le socrú na gcritéir chruinnis agus iontaofachta lena n-áirithítear íosleibhéil faisnéise comhthéacsúla, is gá na paraiméadair a shainiú ar cheart do na húdaráis rialála inniúla a chur san áireamh agus critéir den sórt sin a leagan síos acu. Thairis sin, tá sé tábhachtach a mheabhú, de bhun phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, nach mór do na húdaráis rialála inniúla comhoibriú lena chéile agus na critéir a leagan síos acu maidir le cruinneas agus iontaofacht na faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora trí dhul i gcomhairle le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) nó le fóraim ábhartha eile atá inniúil chun treoir a thabhairt ina leith sin, chun éifeachtacht iomlán Airteagal 109(6) de Threoir (AE) 2018/1972 a áirithiú.

<sup>(3)</sup> Cás C 417/18; Breithiúnas na Cúirte (An Ceathrú Dlísheomra) an 5 Meán Fómhair 2019, AW agus Daoine eile v Lietuvos valstybė

- (8) Féadfar cruinneas na faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora a shloinneadh mar gha uasta an limistéir cuardaigh don idirghabháil a chuirtear i láthair na seirbhísí éigeandála. D'fhéadfaí agaí idirghabhála éigeandála a laghdú go mór nuair a bhíonn faisnéis ghréasánbhunaithe chruinn iontaofa maidir le suíomh an ghlaiteora agus an fhaisnéise a fhaightear ón sás láimhe ar fáil don PSAP is iomchuí, go háirithe nuair nach bhfuil úsáideoirí deiridh a iarrann cúnamh éigeandála ábalta suíomh a shonrú. Dá bhrí sin, i gcás líonraí fosaithe, ba cheart do na Ballstáit na híosleibhéil cruinnis a chuirfeadh chun feidhme ar a gcríoch a chur in iúl mar fhaisnéis ó shuíomh an ghlaiteora a bhaineann le seoladh fisiciúil chríochphointe an líonra, mar shampla, faoi threoir an tseolta nithiúil sráide, an árasáin, an urláir nó na faisnéise comhchosúla. Maidir le líonraí móibíleacha, ba cheart na híosleibhéil chruinnis a shloinneadh i méadair chun ga uasta an limistéir cuardaigh chothrománaigh a thugtar do na seirbhísí éigeandála chun críocha idirghabhála a léiriú. Más infheidhme agus más indéanta go teicniúil é, ba cheart an critéar maidir le cruinneas airde nó ingearach a shloinneadh i méadair freisin. Ba cheart do na Ballstáit a mheas an féidir na paraiméadair sin a chur i bhfeidhm ar sholáthraithe atá neamhspléach ar líonra a sholáthraíonn seirbhísí cumarsáide idirphearsanta uimhirbhunaithe nuair a úsáidtear iad i líonraí fosaithe nó i líonraí móibíleacha.
- (9) Ba cheart go mbainfeadh iontaofacht shuíomh an ghlaiteora le dhá ghné d'fhaisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora: cruthú agus tarchur. Ba cheart iontaofacht na faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora a chruthú de réir na dtomhas staidrimh lena léirítear an ráta ratha lena meaitseáiltear suíomh iarbhir an ghléis a thionscnaíonn an chumarsáid éigeandála an limistéar fisiciúil a léirítear ar bhonn na faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora. Ba cheart go spreagfadh cumarsáid éigeandála faisnéis ghréasánbhunaithe agus faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora a fhaightear ón sás láimhe, nuair a bheidh an fhaisnéis deiridh sin ar fáil. Ba cheart iontaofacht na faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora do na seirbhísí éigeandála a chruthú mar chomhéifeacht idir an dá theicneolaíocht sin. Ba cheart iontaofacht tharchur na faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora a shloinneadh mar ráta ratha an réitigh theicniúil chun faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora a tharchur chuig an PSAP is iomchuí. Braitheann an ráta ratha ar chumais an líonra an fhaisnéis a chur in iúl, i gcás shuíomh an ghlaiteora bunaithe ar an ngréasán, nó ar an idir-inoibritheacht idir an sás láimhe agus acmhainní an líonra chun an tarchur a éascú, i gcás shuíomh an ghlaiteora a fhaightear ón sás láimhe, chomh maith leis na cumais PSAP is iomchuí chun an fhaisnéis a fháil.
- (10) Lena chur ar chumas an Choimisiúin faireachán a dhéanamh ar na critéir maidir le suíomh an ghlaiteora a bhunaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar ghlacadh na gcritéar agus míniú a thabhairt maidir leis an dóigh ar chuir siad na paraiméadair a bhunaítear sa Rialachán seo san áireamh.
- (11) Ceanglaítear le Treoir (AE) 2018/1972 go mbeidh rochtain ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas comhionann leis an rochtain atá ag úsáideoirí deiridh eile. Le prionsabal na coibhéise tugtar le tuiscint gur cheart go mbeadh úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas ábalta rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála ar bhealach atá coibhéiseach go feidhmiúil leis an mbealach a bhfaigheann úsáideoirí deiridh eile rochtain ar sheirbhísí éigeandála, go háirithe trí ghlaio chur ar an uimhir "112" trí sheirbhísí guthbhunaithe. Ós rud é nach bhfuil aon chomhthuiscint ann ar na ceanglais maidir le coibhéis fheidhmiúil, ba cheart na ceanglais lena n-athchruthaítear feidhmiúlachtaí na cumarsáide éigeandála atá ag úsáideoirí deiridh eile, seirbhísí guthbhunaithe den chuid is mó, a bhunú. Más rud é, ar chúiseanna teicniúla, nach féidir leis na Ballstáit na ceanglais maidir le coibhéis fheidhmiúil a bhunaítear leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, ba cheart dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na cúiseanna sonracha nach féidir é sin a dhéanamh. Ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún nuair nach gá nó nach féidir an uimhir aonair éigeandála Eorpach "112" a úsáid, de bharr dheardh teicniúil an mhodha rochtana sainordaithe ar sheirbhísí éigeandála, agus an dóigh a n-áirítear go mbainfeadh an fheasacht chéanna nó an fheasacht níos airde amach i measc úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas maidir leis an modh rochtana sin a chur in iúl.
- (12) Ionas go mbeidh an Coimisiún ábalta faireachán a dhéanamh ar chomhoiriúnacht, ar cháilíocht, ar iontaofacht, ar idir-inoibritheacht agus ar leanúnachas na modhanna rochtana ar sheirbhísí éigeandála d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas, ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar na modhanna rochtana ar sheirbhísí éigeandála atá sainordaithe ina ndlínse d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear iad siúd a úsáideann seirbhísí fánaíochta. Ba cheart an chéad mheasúnú ar chomhlíonadh na modhanna rochtana a thuairiscítear i gcomhréir leis an Rialachán seo a bheith sa tuairisc. A bhfuil leis an asnamh chuig líonraí uile-IP, beifear ábalta seirbhísí cumarsáide inrochtana nua a chur chun feidhme amhail téacs fíor-ama agus seirbhísí comhrá iomláin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar shaincheisteanna idir-inoibritheachta, comhoiriúnachta nó leanúnachais a thagann chun cinn agus seirbhísí den sórt sin á n-úsáid acu, go háirithe d'úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta. Chun a n-oibleagáid faoi Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*) maidir le tuairisc a thabhairt do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) maidir leis an modh rochtana ar sheirbhísí éigeandála atá sainordaithe ina mBallstát agus atá indéanta go teicniúil lena n-úsáid ag custaiméirí seirbhísí fánaíochta, ba cheart d'údarais rialála náisiúnta nó d'údarais inniúla eile na cúiseanna teicniúla a chruthú, más infheidhme, maidir le heaspa infhaighteacht na seirbhíse cumarsáide éigeandála d'úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta i gcás ina bhfuil na seirbhísí sin ar fáil d'úsáideoirí deiridh baile. Sa chéad tuairisc, chomh maith le faisnéis a sholáthrófar sna blianta ina dhiaidh sin, cuirfeadh ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar an ngá le bearta breise a ghlacadh, lena n-áirítear sainorduithe um chaighdeánú, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna dá leithéid.

(\*) Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (atmhúnlú) (IO L 115, 13.4.2022, lch. 1).

- (13) Ní mór cumarsáid éigeandála agus faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora a chur ar aghaidh chuig an PSAP is oiriúnaí chun freagairt agus láimhseáil chuí na cumarsáide éigeandála a éascú. Ba cheart ródú éifeachtach na cumarsáide éigeandála a áirithiú freisin i gcomhthéacs an ascnaimh theicneolaíoch ó theicneolaíochtaí ciorcadlasctha go teicneolaíochtaí paicéadlasctha. Is gnách gurb é an Ballstát a chinneann an PSAP is iomchuí ar bhonn inniúlacht chríochach chun cumarsáid éigeandála a láimhseáil nó ar bhonn na hinniúlachta chun cineál áirithe cumarsáide a láimhseáil, mar shampla PSAP atá feistithe chun cumarsáid téacs fíor-ama nó cumarsáid teanga comharthaíochta a láimhseáil. Féadfar na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a chuirtear ar fáil trí theicneolaíochtaí paicéadlasctha a sholáthraíonn guth, téacs — lena n-áirítear téacs fíor-ama — agus físeán a ródú i bhfearann an líonra phoiblí nó i bhfearann an PSAP. Ag brath ar eagraíocht náisiúnta na PSAPanna, cé go sroicheann an chumarsáid éigeandála córas PSAP trí na líonraí poiblí, d'fhéadfadh go mbeadh gá le ródú breise laistigh d'fhearann PSAP chun an PSAP is iomchuí a bhaint amach. Chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid éifeachtach éigeandála ar fáil chun leas úsáideoirí deiridh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú ródú go ndéanfar gach cineál cumarsáide éigeandála agus faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora atá sainorduithe ina gcíoch a ródú go pras chuig an PSAP is iomchuí.
- (14) Braitheann éifeachtacht na rochtana ar sheirbhísí éigeandála ar thráthúlacht iompar na faisnéise comhthéacsúla chuig na seirbhísí éigeandála. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an PSAP is iomchuí, a ródófar an chumarsáid éigeandála chuige, ábalta an fhaisnéis chomhthéacsúil a tharchur go pras chuig na seirbhísí éigeandála ón nóiméad a gcuirfidh an PSAP na seirbhísí sin ar an eolas. De réir eagraíocht náisiúnta PSAPanna, féadfaidh an PSAP is iomchuí measúnú a dhéanamh ar áisiúlacht na sonraí comhthéacsúla agus an fhaisnéis a sholáthrófar do na seirbhísí éigeandála a scagadh.
- (15) Chun gur féidir leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an ródaithe chuig an PSAP is iomchuí, ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht an ródaithe ar chumarsáid éigeandála chuig an PSAP is iomchuí ó thaobh a tráthúlachta de, lena n-áirítear nuair a bhíonn seirbhísí gutha, téacs nó físeán á n-úsáid acu.
- (16) D'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain réidh ar sheirbhísí éigeandála á áirithiú, gan réamhchlárú, d'úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, agus iad ag taisteal i mBallstát eile faoi rialú Ballstáit amháin agus go dteastódh ceanglais idir-inoibritheachta a chomhaontaítear le chéile a chomhlíonadh. Gan dochar do chur chun feidhme téacs fíor-ama agus seirbhísí comhrá iomláin de bhun Threoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(7)</sup>, ba cheart go mbeifí ábalta rochtain ar na seirbhísí éigeandála a chur chun feidhme trí sheirbhísí gutha, téacs nó físeán trí chumarsáid éigeandála trí fheidhmchláir mhóibíleacha. D'fhéadfadh feidhmchláir mhóibíleacha tarchur méithshonraí comhthéacsúla chuig an PSAP is oiriúnaí a éascú. A luaithe a dhéanfar feidhmchlár móibíleach a íoslódáil agus a shuiteáil, féadfaidh an t-úsáideoir deiridh cumarsáid a dhéanamh leis an PSAP is iomchuí ar fud an Aontais más féidir é sin a dhéanamh de réir na gceanglas coiteann idir-inoibritheachta, agus má chomhlíonann na soláthraithe feidhmchlár móibíleach agus na córais náisiúnta PSAP na ceanglais sin. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún de mheon macánta chun na ceanglais chomhchoiteanna idir-inoibritheachta a shainaithint, rud a éascódh cumarsáid éigeandála den sórt sin a úsáid chuig an PSAP is iomchuí trí fheidhmchláir mhóibíleacha ar fud an Aontais.
- (17) D'fhéadfadh sé nach mbeadh córais PSAP a forbraíodh chun cumarsáid ciorcadlasctha a fhreagairt agus a láimhseáil ábalta gach gné de chumarsáid éigeandála a tionscnáidh trí theicneolaíocht phaicéadlasctha a fhreagairt, a láimhseáil agus a phróiseáil. Chun trédhearcacht le páirtithe ábhartha a áirithiú, go háirithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus soláthraithe líonraí, agus chun uasghrádú comhleanúnach agus tráthúil ar chórais PSAP laistigh dá gcíoch a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit treochlár a ullmhú chun cumais a gcóras PSAP a uasghrádú chun cumarsáid éigeandála a sholáthraítear trí theicneolaíochtaí paicéadlasctha a fhreagairt, a láimhseáil agus a phróiseáil. Ba cheart go mbeadh sa treochlár an t-amlíne mheasta agus an dáta a n-úsáidfear bealaí nuálacha rochtana ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála trí theicneolaíochtaí paicéadlasctha, cibé acu an gcumasaítear iad sin sa chroílíonra mar sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta uimhirbhunaithe nó an n-úsáidtear iad trí fheidhmchlár móibíleach. Ba cheart faisnéis a bheith sa treochlár maidir le hamlíne an uasghrádaithe ar chumais na gcóras PSAP, agus na hoibleagáidí a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/882 agus na spriocdhátaí dlíthiúla dá bhforáiltear inti á gcur san áireamh. Baineann sé sin go háirithe leis an bhfreagra iomchuí ón PSAP is iomchuí ar chumarsáid éigeandála chuig an uimhir aonair éigeandála Eorpach “112”, trí úsáid a bhaint as guth agus téacs sioncrónaithe (lena n-áirítear téacs fíor-ama), nó, i gcás ina soláthraítear físeán, guth, téacs (lena n-áirítear téacs fíor-ama) agus

<sup>(7)</sup> Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

físeán sioncrónaithe mar chomhrá iomlán. Más infheidhme, ba cheart an sainordú dlíthiúil a bhfuiltear ag súil leis maidir le cumarsáid éigeandála a úsáid trí theicneolaíochtaí paicéadlasctha faoin reachtaíocht náisiúnta a léiriú. Ba cheart tagairt a dhéanamh sa treochlár do na garspriocanna idirmheánacha, mar shampla comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, bearta reachtacha, tástáil idir-inoibritheachta, leanúnachais agus iontaofachta, soláthar poiblí, etc. Ba cheart do na Ballstáit an treochlár a sholáthar don Choimisiún agus nuashonruithe maidir lena chur chun feidhme a sholáthar. Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt freisin ar na saincheistanna idir-inoibritheachta agus leanúnachais a thagann chun cinn maidir le soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí a úsáidtear chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála chun cur ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar an ngá bearta breise a ghlacadh, lena n-áirítear sainorduithe um chaighdeánú, lena dtabharfaí aghaidh ar bhaic den sórt sin.

- (18) Is gá le bailiú rialta agus struchtúrach faisnéise ó na Ballstáit maidir le roinnt gnéithe a bhaineann le héifeachtacht na cumarsáide éigeandála san Aontas chun cur ar chumas an Choimisiúin faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme agus ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 109 de Threoir (AE) 2018/1972, arna fhorlíonadh leis an Rialachán seo. I ndiaidh na chéad tuarascála dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit faisnéis nuashonraithe a sholáthar don Choimisiún mar a iarradh i gcomhthéacs gach bailithe sonraí a thionscnaíonn an Coimisiún chun críocha a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le tuairiscí do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle de bhun Airteagal 109 (4) de Threoir (AE) 2018/1972.
- (19) Chuathas i gcomhairle le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 109(8) de Threoir (AE) 2018/1972 agus thug sé a thuairim an 14 Deireadh Fómhair 2022.
- (20) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup> agus thug sé tuairim uaidh an 15 Samhain 2022.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### CAIBIDIL 1

### ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

#### *Airteagal 1*

Leis an Rialachán seo, bunaítear bearta chun rochtain éifeachtach ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú trí chumarsáid éigeandála maidir le réitigh faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora, rochtain d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas agus ródú chuig an PSAP is iomchuí.

#### *Airteagal 2*

Chun críocha an Rialacháin seo tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “cumarsáid éigeandála éifeachtach” cumarsáid éigeandála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (38) de Threoir (AE) 2018/1972 lena n-áirithítear an méid seo a leanas:
- (a) cumarsáid phras idir an t-úsáideoir deiridh agus an PSAP is iomchuí, agus
- (b) faisnéis chomhthéacsúil a chur ar fáil go pras, lena n-áirítear faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora;

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (2) ciallaíonn “faisnéis chomhthéacsúil” an fhaisnéis a chuireann an t-úsáideoir deiridh in iúl trí chumarsáid éigeandála nó a fhaightear agus a tharchuirtear go huathoibríoch ó ghléas an úsáideora deiridh nó ón ngréasán ábhartha chun gur féidir acmhainní idirghabhála na seirbhísí éigeandála a shainaitheint go pras agus chun gur féidir leis na seirbhísí éigeandála teacht go tapa chuig láthair na hidirghabhála.

## CAIBIDIL 2

## FAISNÉIS FAOI SHUÍOMH AN GHLAOITEORA

## Airteagal 3

1. Agus critéir á leagan síos acu maidir le cruinneas agus iontaofacht na faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora de bhun Airteagal 109 (6) de Threoir (AE) 2018/1972, áiríteoidh na húdaráis rialála inniúla, laistigh de theorainneacha na féidearthachta teicniúla, go n-aimseofar suíomh an úsáideora deiridh ar bhealach chomh hiontaofa agus chomh cruinn agus is gá le go mbeidh na seirbhísí éigeandála ábalta cuidiú leis an úsáideoir deiridh. Leagfaidh na húdaráis inniúla rialála síos na critéir agus na paraiméadair a shonraítear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo á gcur san áireamh acu.
2. Maidir leis na líonraí fosaithe:
  - (a) déanfar an critéar cruinnis maidir le faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora a shloinneadh mar fhaisnéis a bhaineann le seoladh fisiciúil chríochphointe an líonra;
  - (b) sloinnfear an critéar iontaofachta maidir le faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora mar ráta ratha, i gcéatadán, an réitigh theicniúil nó an mheascáin de réitigh theicniúla chun faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora a chomhfhreagraíonn don chritéar cruinnis a chruthú agus a tharchur chuig an PSAP is iomchuí.
3. Maidir leis na líonraí móibíleacha:
  - (a) déanfar an critéar cruinnis maidir le faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora a shloinneadh i méadair. Más infheidhme, déanfar an critéar um chruinneas airde nó ingearach a shloinneadh i méadair chomh maith;
  - (b) sloinnfear an critéar iontaofachta maidir le faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora mar ráta ratha, i gcéatadán, an réitigh theicniúil nó an mheascáin de réitigh theicniúla chun limistéar cuardaigh a chomhfhreagraíonn don chritéar cruinnis a chruthú agus a tharchur chuig an PSAP is iomchuí.

## CAIBIDIL 3

## ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA D'ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH FAOI MHÍCHUMAS

## Airteagal 4

Agus rochtain ar sheirbhísí éigeandála á cur chun feidhme acu trí chumarsáid éigeandála d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, áiríteoidh na Ballstáit, faoi réir na féidearthachta teicniúla, go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le coibhéis fheidhmiúil seo a leanas:

- (a) gur féidir cumarsáid idirghníomhach dhá threo a dhéanamh leis an gcumarsáid éigeandála idir an t-úsáideoir deiridh faoi mhíchumas agus an PSAP;
- (b) go mbeidh an chumarsáid éigeandála ar fáil go héasca, gan réamhchlarú, d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas atá ag taisteal i mBallstát eile;
- (c) go soláthrófar an chumarsáid éigeandála saor in aisce d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas;
- (d) go ródófar an chumarsáid éigeandála gan mhoill chuig an PSAP is iomchuí atá cáilithe agus feistithe chun an chumarsáid éigeandála ó úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas a fhreagairt agus a phróiseáil;
- (e) go n-áiríteofar leibhéil choibhéise cruinnis agus iontaofachta faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora don chumarsáid éigeandála d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas mar atá do ghlaonna éigeandála ó úsáideoirí deiridh eile;



- (f) go mbeidh úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas ábalta an leibhéal céanna feasachta, ar a laghad, faoi na modhanna rochtana ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála a bhaint amach agus a bhaineann úsáideoirí deiridh eile faoi ghlaonna éigeandála ar “112” amach, trí na modhanna rochtana a dhearadh nó trí bhearta múscailte feasachta.

#### CAIBIDIL 4

### RÓDÚ CHUIG AN BPOINTE FREAGARTHA GLAONNA ÉIGEANDÁLA IS OIRIÚNAÍ

#### *Airteagal 5*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cumarsáid éigeandála agus faisnéis faoi shuíomh an ghlaiteora a ródú gan mhoill chuig an PSAP is iomchuí a bheidh ábalta, go teicniúil, an fhaisnéis chomhthéacsúil a chur in iúl do na seirbhísí éigeandála agus na seirbhísí sin a chur ar an eolas.

#### *Airteagal 6*

Chun an fhéidearthacht theicniúil do rochtain réidh ar sheirbhísí éigeandála dá bhforáiltear i bpointe (b) d'Airteagal 4(1) den Rialachán seo a áirithiú, gan dochar do chur chun feidhme Threoir (AE) 2019/882, comhoibreoidh na Ballstáit leis an gCoimisiún chun ceanglais idir-inoibritheachta chomhchoiteanna a shainaitheint lena n-éascófar an cumarsáid éigeandála chuig an PSAP is iomchuí trí fheidhmchlár móibileach áit ar bith san Aontas.

#### CAIBIDIL 5

### **Tuairisciú**

#### *Airteagal 7*

1. Déanfaidh na Ballstáit feidhmíocht an ródaithe chuig an PSAP is iomchuí a thuairisciú go rialta don Choimisiún faoi Airteagal 5, arna chur chun feidhme le haghaidh cumarsáid éigeandála agus faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora.
2. Tráth nach déanaí ná an 5 Samhain 2023 ullmhóidh agus tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún treochlár chun an córas náisiúnta PSAP a uasghrádú chun go mbeidh siad ábalta cumarsáid éigeandála a ghlacadh, a fhreagairt agus a phróiseáil trí theicneolaíocht pháicéadlasctha. Léireofar sa treochlár an dáta a mbeifear ag súil le húsáid na cumarsáide éigeandála bunaithe ar ghutha, ar théacs nó ar fhíseán trí theicneolaíochtaí paicéadlasctha. Aireofar sa treochlár freisin an dáta tásach faoina mbeidh PSAPanna réidh chun cumarsáid éigeandála den sórt sin a ghlacadh. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis nuashonraithe ar fáil maidir le cur chun feidhme gharsprioscanna idirmheánacha an treochláir i gcomhréir le hAirteagal 8.

#### *Airteagal 8*

1. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 5 Márta 2024:
  - (a) na critéir maidir le cruinneas agus iontaofacht na faisnéise faoi shuíomh an ghlaiteora, arna sloinneadh i gcomhréir leis na paraiméadair dá dtagraítear in Airteagal 3,
  - (b) an modh rochtana ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála a úsáidfidh úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, lena n-áirítear iad siúd a úsáideann seirbhísí fánaíochta, agus measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le coibhéis fheidhmiúil in Airteagal 5.
2. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear san airteagal seo agus in Airteagal 7 a sholáthar don Choimisiún gan dochar don spriocdháta tosaigh dá bhforáiltear ann, i gcomhthéacs gach bailithe sonraí a thionscnóidh an Coimisiún chun críocha a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle de bhun Airteagal 109 (4) de Threoir (AE) 2018/1972.

## CAIBIDIL 6

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 9*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/445 ÓN gCOIMISIÚN  
an 23 Feabhra 2023**

**lena bhformheastar leasuithe ar shonraíocht sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc  
gheografaigh faoi chosaint (“Colli Bolognesi Classico Pignoletto” (STFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas ar leasuithe a fhortheas ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, “Colli Bolognesi Classico Pignoletto”, a chuir an Iodáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. I measc na n-athruithe tá athrú ainm ó “Colli Bolognesi Classico Pignoletto” go “Colli Bolognesi Pignoletto”.
- (2) D’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar fhortheas ar na leasuithe ar an tsonraíocht in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup>, mar a cheanglaítear le hAirteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (3) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhortheas i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Colli Bolognesi Classico Pignoletto” (STFC), is leasuithe iad atá formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> IO C 379, 3.10.2022, lch. 41.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/446 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 27 Feabhra 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a mhéid a bhaineann le plandaí áirithe *Ligustrum delavayanum* agus *Ligustrum japonicum* le haghaidh plandú de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a mhéid a bhaineann leis na bearta fiteashláintíochta chun na plandaí sin le haghaidh plandú a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 42(4), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> bunaítear, ar bhonn réamh-mheasúnú riosca, liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> leagtar síos rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2016/2031 a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo.
- (3) Tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh, liostaíodh 34 ghéineas agus speiceas amháin de phlandaí le haghaidh plandú de thionscnamh tríú tíortha go sealadach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo. Áirítear an géineas *Ligustrum* L. ar an liosta sin.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> leagtar amach na bearta fiteashláintíochta maidir le plandaí áirithe, táirgí plandaí áirithe agus réada áirithe eile a thabhairt isteach san Aontas, ar ábhair iad a baineadh den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019, ach nach ndearnadh measúnú iomlán go fóill ar na rioscaí fiteashláintíochta a bhaineann leo. Déantar an méid sin toisc nach n-áirítear go fóill sa liosta lotnaidí coraintín de chuid an Aontais i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ceann de na lotnaidí nó níos mó ná sin a bhfuil na plandaí sin mar óstaigh acu <sup>(5)</sup>, ach d'fhéadfadh na lotnaidí sin na coinníollacha a chomhlíonadh chun go n-áireofaí iad tar éis measúnú riosca iomlán breise.

<sup>(1)</sup> IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fiteashláintíochta ag teastáil ina leith lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 323, 19.12.2018, lch. 7).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2020 a mhéid a bhaineann leis na bearta fiteashláintíochta maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réada áirithe eile a thabhairt isteach san Aontas, ar ábhair iad a baineadh den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 (IO L 275, 24.8.2020, lch. 5).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

- (5) An 3 Nollaig 2021, chuir an Ríocht Aontaithe <sup>(6)</sup> iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le honnmhairiú chuig an Aontas plandaí móra tordhearaidh *Ligustrum delavayanum* beangaithe ar fhréamhstoic *Ligustrum japonicum* arna bhfás i bpotáí agus atá suas le 20 bliain d'aois, agus a bhfuil trastomhas uasta 18 cm acu ag bonn an ghais. Cuireadh an sainchomhad teicniúil ábhartha isteach leis an iarraidh sin.
- (6) An 28 Meán Fómhair 2022, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) tuairim eolaíoch ina gcumhdaítear measúnú riosca ar phlandaí *Ligustrum delavayanum* le haghaidh plandú agus ar phlandaí *Ligustrum japonicum* le haghaidh plandú, agus iad i ndamhna fáis, agus atá suas le 20 bliain d'aois agus a bhfuil trastomhas uasta 18 cm acu ag bonn an ghais, gan beann ar iad a bheith beangaithe nó gan bheith beangaithe (“na plandaí ábhartha”) <sup>(7)</sup>. Shainaithin an tÚdarás *Bemisia tabaci*, *Diaprepes abbreviatus*, *Epiphyas postvittana* agus *Scirtothrips dorsalis* mar lotnaidí ábhartha maidir leis na plandaí sin, agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh an tráchtarra saor ó na lotnaidí.
- (7) Ar bhonn na tuairime sin, meastar go laghdaítear an riosca fiteashláintíochta ó na plandaí ábhartha a bheith á dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais go dtí leibhéal inghlactha, ar choinníoll go gcuirtear bearta iomchuí i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar riosca na lotnaidí a bhaineann leis na plandaí sin agus go gcomhlíontar na ceanglais speisialta chomhfhreagracha in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (8) Na bearta a thuiriscíonn an Ríocht Aontaithe sa sainchomhad teicniúil, meastar go bhfuil siad leordhóthanach chun an riosca a bhaineann leis na plandaí ábhartha a bheith á dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais a laghdú go dtí leibhéal inghlactha. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta sin a glacadh mar cheanglais allmhairiúcháin fiteashláintíochta chun cosaint fiteashláintíochta chríoch an Aontais ar thabhairt isteach na bplandaí ábhartha inti a áirithiú.
- (9) Dá réir sin, níor cheart na plandaí ábhartha a mheas a thuilleadh mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a leasú dá réir.
- (11) Liostaítear *Bemisia tabaci* mar lotnaid choraintín de chuid criosanna cosanta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus liostaítear *Scirtothrips dorsalis* mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (12) Ní áirítear *Diaprepes abbreviatus* go fóill sa liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072; dá bhrí sin tá na bearta maidir leis an lotnaid sin bunaithe ar na bearta a thuiriscíonn an Ríocht Aontaithe sa sainchomhad. Nuair a bheidh measúnú riosca iomlán ar an lotnaid sin ar fáil, suífear an gcomhlíonann an lotnaid sin na coinníollacha chun í a liostú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus an gcomhlíonann na plandaí ábhartha na coinníollacha chun iad a liostú in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin, mar aon leis na bearta iomchuí.
- (13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a leasú dá réir.
- (14) Ní áirítear *Epiphyas postvittana* sa liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais. Tá an lotnaid ann i roinnt Ballstát agus ní chuirtear aon bheart rialaithe oifigiúil i bhfeidhm. Thairis sin, ní mheastar go bhfuil tionchar mór ag an lotnaid san Aontas. Ar na cúiseanna sin, ní gá aon cheanglas allmhairiúcháin maidir leis an lotnaid sin.
- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(6)</sup> I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an ghnímh seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.

<sup>(7)</sup> Painéal EFSA PLH (Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí), 2022. *Scientific Opinion on the commodity risk assessment of Ligustrum delavayanum topiary plants grafted on Ligustrum japonicum from the UK* [Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtarraí ar phlandaí tomdearaidh *Ligustrum delavayanum* beangaithe ar *Ligustrum japonicum* ón Ríocht Aontaithe]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(11):7593.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

\_\_\_\_\_

## IARSCRÍBHINN I

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019, sa tábla i bpointe 1, sa dara colún “Tuairisc”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála “*Ligustrum* L.”:

“*Ligustrum* L., seachas plandaí *Ligustrum delavayanum* agus *Ligustrum japonicum* atá suas le 20 bliain d’aois le haghaidh plandú agus iad i ndamhna fáis, a bhfuil trastomhas uasta 18 cm acu ag bonn an ghais, de thionscnamh na Ríochta Aontaithe”.

---



## IARSCRÍBHINN II

Sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh “*Juglans regia* L., plandaí atá suas le dhá bhliain d’aois le haghaidh plandú agus atá fréamhlom, gan duilleoga, agus a bhfuil trastomhas uasta 2 cm acu ag bonn an ghais.”:

Plandaí, táirgí plandaí nó réada eile	Cód AC	Tríú tíortha tionscnaimh	Bearta
<p>“<i>Ligustrum delavayanum</i> agus <i>Ligustrum japonicum</i>, plandaí atá suas le 20 bliain d’aois le haghaidh plandú i ndamhna fáis, a bhfuil trastomhas uasta 18 cm acu ag bonn an ghais.</p>	ex 0602 10 90	An Ríocht Aontaithe	<p>(a) Ráiteas oifigiúil ina ndeirtear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) go bhfuil na plandaí saor ó <i>Diaprepes abbreviatus</i>;</li> <li>(ii) go bhfuarthas an láithreán táirgthe saor ó <i>Diaprepes abbreviatus</i> le linn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh ag amanna iomchuí, ó thús an tséasúir fáis deiridh; agus</li> <li>(iii) díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go ndearnadh cigireacht oifigiúil ar choinsíneachtaí de na plandaí chun <i>Diaprepes abbreviatus</i> a aimsiú agus gur leor méid an tsampla chun leibhéal inmhiólaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %;</li> </ul> <p>(b) go n-áirítear i ndeimhnithe fiteashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal ‘Dearbhú Breise’:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) an ráiteas seo a leanas: ‘Comhlíonann an choinsíneacht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún’; agus</li> <li>(ii) sonraíocht na láithreán táirgthe cláraithe.”</li> </ul>

## RIALACHÁN (AE) 2023/447 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Márta 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid gliocóisídí steibhióil glúcósalaíthe mar mhilseoir

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 10(3) agus Airteagal 14 de,Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta de chuid an Aontais de bhreiseáin bia atá formheasta le húsáid i mbia agus coinníollacha a n-úsáide.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bia a liostaítear in Iarscríbhinn II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.
- (3) Féadfar na liostaí sin a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil.
- (4) I mí Eanáir 2019, cuireadh isteach iarratas maidir le gliocóisídí steibhióil glúcósalaíthe a údarú mar bhreiseán bia nua lena n-úsáid mar mhilseoir. Cuireadh an t-iarratas ar fáil do na Ballstáit de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.
- (5) Táirgtear gliocóisídí steibhióil trí bhith-thiontú einsímeach agus úsáid á baint as glúcánatraschuráis chioclamalt-aideistrin a chatalaíonn traschuir glúcóis ó stáirse go dtí meascáin atá saibhrithe i ngliocóisídí steibhióil amháin nó níos mó ná sin ó eastóscáin íonaithe duilleog *Stevia rebaudiana*. Tá siad comhdhéanta de mheascán de ghliocóisídí steibhióil glúcósalaíthe ina bhfuil 1–20 aonad breise glúcóis nasctha leis na máthairghliocóisídí steibhióil. Tá próifíl mhilseachta feabhsaithe acu i gcomparáid le milseoirí údaraithe eile, lena n-áirítear gliocóisídí steibhióil ó *Stevia* (E 960a).
- (6) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) meastóireacht ar shábháilteacht gliocóisídí steibhióil glúcósalaíthe agus chuir sé an tuairim uaidh in iúl an 15 Nollaig 2021 <sup>(4)</sup>. Mheas an tÚdarás go meitibilítear gliocóisídí steibhióil glúcósalaíthe ar bhealach atá sách comhchosúil leis na gliocóisídí steibhióil atá údaraithe cheana féin, agus dá bhrí sin measadh go dtacaíonn na sonraí tocsaineolaíocha a ndearna an tÚdarás measúnú orthu roimhe seo maidir le gliocóisídí steibhióil (E 960a) lena sábháilteacht mar bhreiseán bia. An einsím glúcánatraschuráis chioclamalt-aideistrin (EC 2.4.1.19) a dhíorthaítear ó thréithchineál neamh-ghéinmhodhnaithe de *Anoxybacillus caldiproteolyticus* agus atá ceaptha lena húsáid i monarú gliocóisídí steibhióil modhnaithe, ní ábhar inní sábháilteachta í faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe ar bhonn na sonraí a cuireadh ar fáil don Údarás <sup>(5)</sup>. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil aon ábhar inní sábháilteachta ann maidir le gliocóisídí steibhióil glúcósalaíthe a úsáid mar bhreiseán bia le haghaidh na n-úsáidí céanna agus na leibhéal úsáide a bheartaítear i gcás na gliocóisídí steibhióil (E 960a–960c) a úsáidtear mar mhilseoirí.

<sup>(1)</sup> IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.

<sup>(2)</sup> IO L 354, 31.12.2008, lch. 1.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bia a liostaítear in Iarscríbhinn II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1).

<sup>(4)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(2):7066.

<sup>(5)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(1):7004.

- (7) Dá bhrí sin, is iomchuí an breiseán bia “gliocóisídí steibhióil glúcósalaithé” (E 960d) a údarú mar mhilseoir sna catagóirí bia dá bhfuil gliocóisídí steibhióil (E 960a–960c) údaraithe faoi láthair, agus ag na huasleibhéil chéanna.
- (8) Ba cheart na sonraíochtaí le haghaidh an bhreiseáin bia gliocóisídí steibhióil glúcósalaithé a chur le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 toisc go bhfuil sé á chur ar liosta an Aontais de bhreiseáin bia a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 den chéad uair.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 agus (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir sin.
- (10) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) 1333/2008 mar a leanas:

- (a) I gCuid B, 2. Milseoirí, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 960c:

"E 960d	Gliocóisídí steibhióil glúcósalaithé";
---------	--

- (b) I gCuid C, (5) Breiseáin is féidir a rialáil le chéile, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (v):

"(v) E 960a – 960d: Gliocóisídí steibhióil

E-uimhir	Ainm
E 960a	Gliocóisídí steibhióil ó <i>Stevia</i>
E 960c	Gliocóisídí steibhióil a tháirgtear go heinsímeach
E 960d	Gliocóisídí steibhióil glúcósalaithé";

- (c) Leasaítear Cuid E mar a leanas:

- (1) I gCatagóir 01.4 (Táirgí bainne coipthe blaistithe, lena n-áirítear táirgí teaschóireáilte), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

"E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	100	(1) (60)	táirgí fuinneamhlaghdaithe nó táirgí nach bhfuil aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin"
----------------	------------------------	-----	----------	---

- (2) I gCatagóir 03 (Reoiteoga), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

"E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	200	(1) (60)	táirgí fuinneamhlaghdaithe nó táirgí nach bhfuil aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin"
----------------	------------------------	-----	----------	---

- (3) I gCatagóir 04.2.2 (Torthaí agus glasraí i bhfinéagar, ola nó sáile), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

"E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	100	(1) (60)	torthaí agus glasraí leasaithe atá milis agus searbh, agus iad sin amháin"
----------------	------------------------	-----	----------	--

- (4) I gCatagóir 04.2.4.1 (Ullmhóidí torthaí agus glasraí seachas compóit), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

"E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	200	(1) (60)	fuinneamhlaghdaithe amháin"
----------------	------------------------	-----	----------	-----------------------------

- (5) I gCatagóir 04.2.5.1 (Subh bhreise agus glóthach bhreise faoi mar a shainmhínítear i dTreoir 2001/113/CE), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

"E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	200	(1) (60)	subha, glóthacha agus marmaláidí fuinneamhlaghdaithe amháin"
----------------	------------------------	-----	----------	--

- (6) I gCatagóir 04.2.5.2 (Subha, glóthacha agus marmaláidí agus *purée* castáin milsithe mar a shainmhínítear i dTreoir 2001/113/CE), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	200	(1) (60)	subha, glóthacha agus marmaláidí fuinneamhlaghdaithe amháin”
--	----------------	------------------------	-----	----------	--

- (7) I gCatagóir 04.2.5.3 (Leatháin torthaí agus glasraí eile den chineál céanna), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	200	(1) (60)	leatháin fuinneamhlaghdaithe torthaí agus glasraí agus leatháin le cur ar cheapairí atá bunaithe ar thorthaí triomaithe, fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin”
--	----------------	------------------------	-----	----------	--

- (8) I gCatagóir 05.1 (Táirgí Cócó agus Seacláide mar a shainmhínítear i dTreoir 2000/36/CE), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	270	(1) (60)	fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin”
--	----------------	------------------------	-----	----------	---

- (9) I gCatagóir 05.2 (Milseogra eile lena n-áirítear micrimilseáin le haghaidh chumhra na hanála), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	270	(1) (60)	bunaithe ar chócó nó ar thorthaí triomaithe, fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	330	(1) (60)	leatháin le cur ar cheapairí atá bunaithe ar chócó, ar bhainne, ar thorthaí triomaithe nó ar shaill, fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	350	(1) (60)	milseogra nach bhfuil aon siúcra breise curtha leis, agus é sin amháin milseogra cruá fuinneamhlaghdaithe amháin (candaí agus líreacáin) milseogra bog fuinneamhlaghdaithe amháin (candaí coganta, gumaí torthaí agus táirgí siúcra cúir/leamhacháin) liocras fuinneamhlaghdaithe amháin eithneagán fuinneamhlaghdaithe amháin prásóg fuinneamhlaghdaithe amháin
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	2 000	(1) (60)	micrimilseáin le haghaidh chumhra na hanála, fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	670	(1) (60)	pastailí scornaí cumhra a bhfuil blas láidir orthu, fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin”

- (10) I gCatagóir 05.3 (Guma coganta), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	3300	(1) (60)	gan aon siúcra breise curtha leis amháin”
--	----------------	------------------------	------	----------	---

- (11) I gCatagóir 05.4 (Maisiúcháin, bratuithe agus líonadh, seachas líonadh atá bunaithe ar thorthaí a chlúdaítear le catagóir 4.2.4 cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	330	(1) (60)	milseogra nach bhfuil aon siúcra breise curtha leis, agus é sin amháin
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	270	(1) (60)	bunaithe ar chócó nó ar thorthaí triomaithe, fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin”

- (12) I gCatagóir 06.3 (Gránaigh bhricfeasta), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	330	(1) (60)	gránaigh bhricfeasta ina bhfuil cion snáithíní is mó ná 15 %, agus ina bhfuil 20 % de bhran ar a laghad, iad fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin”
--	----------------	------------------------	-----	----------	--

- (13) I gCatagóir 07.2 (Earraí míne bÁCála), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	330	(1) (60)	<i>essoblaten</i> amháin — páipéar sliseoige”
--	----------------	------------------------	-----	----------	---

- (14) I gCatagóir 09.2 (Éisc nó táirgí iascaigh próiseáilte lena n-áirítear moilisc agus chrústaigh), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	200	(1) (60)	éisc agus maranáidí éisc, de chrústaigh agus de mhoilisc atá milis agus searbh agus leasaithe nó leasaithe i bpáirt, agus iad sin amháin”
--	----------------	------------------------	-----	----------	---

- (15) I gCatagóir 11.4.1 (Milseoirí boird i bhfoirm leachtach), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	<i>quantum satis</i>	(1) (60)”	
--	----------------	------------------------	----------------------	-----------	--

- (16) I gCatagóir 11.4.2 (Milseoirí a bhíonn ar an mbord i bhfoirm phúdair), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	<i>quantum satis</i>	(1) (60)”	
--	----------------	------------------------	----------------------	-----------	--

- (17) I gCatagóir 11.4.3 (Milseoirí boird ina dtábléid), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	<i>quantum satis</i>	(1) (60)”	
--	----------------	------------------------	----------------------	-----------	--

- (18) I gCatagóir 12.4 (Mustard), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	120	(1) (60)”	
--	----------------	------------------------	-----	-----------	--

- (19) I gCatagóir 12.5 (Anraithí agus bratanna) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	40	(1) (60)	anraithí fuinneamhlaghdaithe amháin”
--	----------------	------------------------	----	----------	--------------------------------------

- (20) I gCatagóir 12.6 (Anlann), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	120	(1) (60)	seachas anlann pónairí soighe (coipthe nó neamhchoipthe)
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	175	(1) (60)	Anlann pónairí soighe amháin (coipthe nó neamhchoipthe)”

- (21) I gCatagóir 13.2 (Bianna diaitéiteacha chun críoch speisialta míochaine a shainmhíneáir i dTreoir 1999/21/CE (seachas táirgí ó chatagóir bia 13.1.5)), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	330	(1) (60)”	
--	----------------	------------------------	-----	-----------	--

- (22) I gCatagóir 13.3 (Bianna diaitéiteacha le haghaidh aistí bia chun meáchan a rialú a bheartaítear a chur in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	270	(1) (60)”	
--	----------------	------------------------	-----	-----------	--

- (23) I gCatagóir 14.1.3 (Neachtar torthaí mar a shainmhíneáir le Treoir 2001/112/CE agus neachtar glasraí agus táirgí den chineál céanna), (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	100	(1) (60)	fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin”
--	----------------	------------------------	-----	----------	---

- (24) I gCatagóir 14.1.4 (Deochanna blaitithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	80	(1) (60)	fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin”
--	----------------	------------------------	----	----------	---

- (25) I gCatagóir 14.1.5.2 (Eile), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	30	(1) (60) (93)	caife, tae agus deochanna insileadh luibhe amháin, fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	30	(1) (60) (93)	táirgí caife blaitithe ar an toirt agus táirgí cappuccino ar an toirt, fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	20	(1) (60) (93)	deochanna bunaithe ar bhraich agus deochanna blaitithe seacláide/ cappuccino, fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise, agus iad sin amháin”;

- (26) I gCatagóir 14.2.1 (Beoir agus deochanna braiche), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	70	(1) (60)	beoir gan alcól nó beoir ina bhfuil cion alcóil nach mó ná 1,2 % de réir toirte, agus é sin amháin; <i>Bière de table/Tafelbier/ Table beer</i> (cion braichlis is lú ná 6 %) ach amháin i gcás <i>Obergäriges Einfachbier</i> ; beoracha le haigéadacht íosta de 30 milleachobhéis a shloinntear mar NaOH; Beoracha donna den chineál <i>oud bruin</i> ”;
--	----------------	------------------------	----	----------	--

- (27) I gCatagóir 14.2.8 (Deochanna alcólacha eile lena n-áirítear deochanna alcólacha a mheastar le deochanna neamh-mheisciúla agus biotáillí ina bhfuil níos lú ná 15 % d'alcól), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	150	(1)(60)’	
--	----------------	------------------------	-----	----------	--

- (28) I gCatagóir 15.1 (Sneaicenna atá bunaithe ar phrátaí, ghránaigh, plúr nó stáirse), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	‘E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	20	(1) (60)”	
--	----------------	------------------------	----	-----------	--

- (29) I gCatagóir 15.2 (Cnónna próiseáilte), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	20	(1) (60)”	
--	----------------	------------------------	----	-----------	--

- (30) I gCatagóir 16 (Milseoga seachas na táirgí a chumhdaítear i gcatagóirí 1, 3 agus 4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	100	(1) (60)	fuinneamhlaghdaithe nó gan aon siúcra breise curtha leo, agus iad sin amháin”
--	----------------	------------------------	-----	----------	---



- (31) I gCatagóir 17.1 (Forbhianna a sholáthraítear i bhfoirm sholadach, seachas forbhianna le haghaidh naíonáin agus leanaí óga), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	670	(1) (60)	
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	1800	(1) (60)	forbhianna i bhfoirm choganta amháin”

- (32) I gCatagóir 17.2 (Forbhianna a sholáthraítear i bhfoirm leachtach, seachas forbhianna le haghaidh naíonáin agus leanaí óga), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha le haghaidh E 960a – 960c (Gliocóisídí steibhióil):

	“E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	200	(1) (60)	
	E 960a – 960d	Gliocóisídí steibhióil	1800	(1) (60)	forbhianna i bhfoirm shíoróipe amháin”.

## IARSCRÍBHINN II

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála le haghaidh fhorbhia E 960c(iv):

## E 960d GLIOCÓISÍDÍ STEIBHIÓIL GLÚCÓSALAITHE

<b>Comhchiallaigh</b>	
<b>Sainmhíniú</b>	<p>Meascán de ghlíocóisídí níos mó de steibhiól a dhíorthaítear trí ghlúcósáil a dhéanamh ar ghlíocóisídí steibhióil a eastóstar ó dhuilleoga an phlanda <i>Stevia rebaudiana</i> Bertoni. Tá an meascán comhdhéanta de ghlíocóisídí steibhióil glúcósalaithé agus de mháthairghlíocóisídí steibhióil iarmharacha ó dhuilleoga <i>Stevia</i>. Táirgtear gliocóisídí steibhióil glúcósalaithé trí na gliocóisídí steibhióil a eastóstar ó dhuilleoga <i>Stevia</i>, agus stáirse atá oiriúnach lena chaitheamh ag an duine a chóireáil le glúcánatraschuráis chioglamaltaideistrin (EC 2.4.1.19) a dhíorthaítear ó thréithchineál neamh-OGM de <i>Anoxybacillus caldiproteolyticus</i> St-88. Traschuireann an einsím aonaid ghlúcóis ón stáirse go dtí na gliocóisídí steibhióil. Déantar an t-ábhar a fhaightear a théamh agus cóireáiltear é le carbón gníomhachtaithe chun an einsím a bhaint as, agus cuirtear é trí roisín asaithe/dí-asaithe chun an stáirse hidrealaithe iarmharach (deistrin) a bhaint as, agus ansin déantar an táirge deiridh a íonú agus a ullmhú agus úsáid á baint as próisis a bhféadfadh tuaradh, tiúchan agus spraethriomú a bheith mar chuid díobh.</p>
Ainm ceimiceach	<p>Steibhióilbisíd: aigéad 13-[(2-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch</p> <p>Rúibiosósíd: aigéad 13-β-D-glúcaipioranóisiolocsacúir-16-éan-18-óch, eistear β-D-glúcaipioranóisile</p> <p>Dulcósíd A: aigéad 13-[(2-O-α-L-ramnóipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch, eistear β-D-glúcaipioranóisile</p> <p>Steibhiósíd: aigéad 13-[(2-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch, eistear β-D-glúcaipioranóisile</p> <p>Ribidiósíd A: aigéad 13-[(2-O-β-D-glúcaipioranóisil-3-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch, eistear, β-D-glúcaipioranóisile</p> <p>Ribidiósíd B: aigéad 13-[(2-O-β-D-glúcaipioranóisil-3-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch</p> <p>Ribidiósíd C: aigéad 13-[(2-O-α-L-ramnóipioranóisil-3-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch, eistear β-D-glúcaipioranóisile</p> <p>Ribidiósíd D: aigéad 13-[(2-O-β-D-glúcaipioranóisil-3-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch, eistear 2-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisile</p> <p>Ribidiósíd E: aigéad 13-[(2-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch, eistear 2-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisile</p> <p>Ribidiósíd F: aigéad 13-[(2-O-β-D-xiolafúránánóisil-3-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch, eistear β-D-glúcaipioranóisile</p> <p>Ribidiósíd M: aigéad 13-[(2-O-β-D-glúcaipioranóisil-3-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisil)osca]cúir-16-éan-18-óch, eistear 2-O-β-D-glúcaipioranóisil-3-O-β-D-glúcaipioranóisil-β-D-glúcaipioranóisile</p> <p>Agus a ndíorthaigh ghlúcósalaithé (1-20 aonad breise glúcóis)</p>

Foirmle mhóilíneach	Beagainm	Foirmle	Fachtóir coinbhéartachta
	Steibhióilbisíd n-Glúcósalaith	$C_{(32+n*6)}H_{(50+n*10)}O_{(13+n*5)}$	
	Rúibiusósíd n-Glúcósalaith	$C_{(32+n*6)}H_{(50+n*10)}O_{(13+n*5)}$	
	Dulcóisíd A n-Glúcósalaith	$C_{(38+n*6)}H_{(60+n*10)}O_{(17+n*5)}$	
	Steibhiósíd n-Glúcósalaith	$C_{(38+n*6)}H_{(60+n*10)}O_{(18+n*5)}$	
	Ribidiósíd A n-Glúcósalaith	$C_{(44+n*6)}H_{(70+n*10)}O_{(23+n*5)}$	
	Ribidiósíd B n-Glúcósalaith	$C_{(38+n*6)}H_{(60+n*10)}O_{(18+n*5)}$	
	Ribidiósíd C n-Glúcósalaith	$C_{(44+n*6)}H_{(70+n*10)}O_{(22+n*5)}$	
	Ribidiósíd D n-Glúcósalaith	$C_{(50+n*6)}H_{(80+n*10)}O_{(28+n*5)}$	
	Ribidiósíd E n-Glúcósalaith	$C_{(44+n*6)}H_{(70+n*10)}O_{(23+n*5)}$	
	Ribidiósíd F n-Glúcósalaith	$C_{(43+n*6)}H_{(68+n*10)}O_{(22+n*5)}$	
	Ribidiósíd M n-Glúcósalaith	$C_{(56+n*6)}H_{(90+n*10)}O_{(33+n*5)}$	
<p>n: an líon aonad glúcóis a chuirtear go heinsimeach leis an máthairghliocósíd steibhióil (n = 1-20)            Gnáthfhachtóir coinbhéartachta le haghaidh meascán de ghliocósídí steibhióil glúcósalaith = 0,20 (ar an mbonn triomaithe agus saor ó dheistrin)</p>			
	Steibhiól	$C_{20}H_{30}O_3$	1,00
	Steibhióilbisíd	$C_{32}H_{50}O_{13}$	0,50
	Rúibiusósíd	$C_{32}H_{50}O_{13}$	0,50
	Dulcóisíd A	$C_{38}H_{60}O_{17}$	0,40
	Steibhiósíd	$C_{38}H_{60}O_{18}$	0,40
	Ribidiósíd A	$C_{44}H_{70}O_{23}$	0,33
	Ribidiósíd B	$C_{38}H_{60}O_{18}$	0,40
	Ribidiósíd C	$C_{44}H_{70}O_{22}$	0,34
	Ribidiósíd D	$C_{50}H_{80}O_{28}$	0,29
	Ribidiósíd E	$C_{44}H_{70}O_{23}$	0,33
	Ribidiósíd F	$C_{43}H_{68}O_{22}$	0,34
	Ribidiósíd M	$C_{56}H_{90}O_{33}$	0,25

Meáchan móilíneach agus Uimh. CAS	Beagainm	Uimhir CAS	Meáchan móilíneach (g/mol)
	Steibhióilbisíd n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	642,73+n*162,15
	Rúibiusósíd n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	642,73+n*162,15
	Dulcóisíd A n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	788,87+n*162,15
	Steibhiósíd n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	804,88+n*162,15
	Ribidiósíd A n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	967,01+n*162,15
	Ribidiósíd B n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	804,88+n*162,15
	Ribidiósíd C n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	951,02+n*162,15
	Ribidiósíd D n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	1 129,15+n*162,15
	Ribidiósíd E n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	967,01+n*162,15
	Ribidiósíd F n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	936,99+n*162,15
	Ribidiósíd M n-Glúcósalaithé	Níl sí ar fáil	1 291,30+n*162,15
	Steibhiól		318,46
	Steibhióilbisíd	41093-60-1	642,73
	Rúibiusósíd	64849-39-4	642,73
	Dulcóisíd A	64432-06-0	788,87
	Steibhiósíd	57817-89-7	804,88
	Ribidiósíd A	58543-16-1	967,01
	Ribidiósíd B	58543-17-2	804,88
	Ribidiósíd C	63550-99-2	951,02
	Ribidiósíd D	63279-13-0	1 129,15
	Ribidiósíd E	63279-14-1	967,01
	Ribidiósíd F	438045-89-7	936,99
	Ribidiósíd M	1220616-44-3	1 291,30
Measúnacht	Nach lú ná 95 % gliocóisídí steibhióil iomlána, comhdhéanta de na gliocóisídí steibhióil thuasluaite in éineacht lena ndíorthaigh ghlúcósalaithé (1-20 aonad breise glúcóis), ar an mbonn triomaithe agus saor ó dheistrin.		
Tuairisc	Púdar ar dhath bán nó gealbhuí, idir thart ar 100 agus 200 uaire níos milse ná siúcros (ag coibhéis siúcrosis 5 %).		

**Aitheantas**

Intuaslagthacht	Intuaslagtha in uisce
pH	Idir 4,5 agus 7,0 (tuaslagán 1 sa 100)

**Íonacht**

Iomlán na luatha	Nach mó ná 1 %
Caillteanas mar gheall ar thriomú	Nach mó ná 6 % (105 °C, 2h)
Tuaslagóir iarmharach	Nach mó ná 200 mg/kg meatánól Nach mó ná 3 000 mg/kg eatánól
Arsanaic	Nach mó ná 0,015 mg/kg
Luaidhe	Nach mó ná 0,1 mg/kg
Caidmiam	Nach mó ná 0,1 mg/kg
Mearcair	Nach mó ná 0,1 mg/kg

**Critéir mhicribhitheolaíoch**

Áireamh iomlán na gcoilíneachtaí (aeróbacha)	Nach mó ná 1 000 CFU/g
Giosta agus múscaín	Nach mó ná 200 CFU/g
<i>E. coli</i>	Diúltach in 1 g
<i>Salmonella</i>	Diúltach in 25 g.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/448 ÓN gCOIMISIÚN****an 1 Márta 2023****Iena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/574 maidir le caighdeáin theicniúla chun córas inrianaitheachta maidir le táirgí tobac a bhunú agus a oibriú**

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 15(11) de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/574 <sup>(2)</sup> ón gCoimisiún na rialacha maidir le córas inrianaitheachta do tháirgí tobac a bhunú agus a oibriú. Is é is aidhm don chóras inrianaitheachta uirlis éifeachtach a chur ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún lenar féidir táirgí tobac a rianú agus a rianú ar fud an Aontais agus gníomhaíochtaí calaoiseacha a shainaitheant arb é an toradh a bhíonn orthu go mbíonn táirgí aindleathacha ar fáil do thomhaltóirí.
- (2) I ndáil leis sin, tá ról tábhachtach ag rialacha oibríochtúla an chórais inrianaitheachta maidir lena áirithiú go bhfaighidh an Coimisiún agus na Ballstáit na sonraí a theastaíonn uathu chun feidhmiú cuí an chórais inrianaitheachta tobac a áirithiú agus chun cur i bhfeidhm na reachtaíochta inrianaitheachta tobac a rialú chomh maith leis an reachtaíocht sin a fhorfheidhmiú faoi seach.
- (3) Leis an gcóras inrianaitheachta a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/574, tosaíodh ar shonraí maidir le gluaiseachtaí táirgí tobac agus sonraí idirbheartaíochta a bhailiú an 20 Bealtaine 2019. De bhreis air sin léirigh taithí ar a chur chun feidhme an tábhacht a bhaineann le hardcháilíocht, cruinneas, iomláine agus inchomparáideacht na sonraí nach mór a thairgeadh agus a tharchur chuig an gcóras go tráthúil.
- (4) Ina thuarascáil ar chur i bhfeidhm Threoir 2014/40/AE an 20 Bealtaine 2021 <sup>(3)</sup>, chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go raibh fadhbanna suntasacha ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún le cáilíocht na sonraí inrianaitheachta, mar shampla maidir le huimhreacha cánach breisluacha, faisnéis maidir le meaisíní táirgthe nó faisnéis maidir le gluaiseachtaí deiridh táirgí chuig asraonta miondíola. Ba cheart, go háirithe, an sainmhíniú reatha ar mheaisíní a leasú chun léiriú a thabhairt ar fhoirmíochtaí éagsúla na meaisíní arna nglacadh san earnáil agus chun aghaidh a thabhairt ar dhroch-caighdeán faisnéise breathnaithe ar mheaisíní. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil freisin go bhfuil cáilíocht na sonraí rithábhachtach i gcónaí chun an reachtaíocht inrianaitheachta ar thobac a fhorfheidhmiú agus chun cuspóirí an chórais inrianaitheachta a bhaint amach go hiomlán.
- (5) Tá léirithe freisin ag na pléití idir an Coimisiún agus na Ballstáit a dhéantar go rialta faoi chuimsiú an Fhoghrúpa Saineolaithe um Inrianaitheacht agus Gnéithe Slándála nach gur sonraí láidre, iomlána agus dea-cháilíochta córas inrianaitheachta lánfheidhmiúil agus rathúil amháin is féidir a áirithiú. Chun faireachán a dhéanamh ar na sonraí sin agus iad a úsáid, ní mór uirlisí éifeachtacha anailíseacha agus réitigh theicniúla a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún, go háirithe comhéadain riachtanacha a chuireann ar a gcumas rochtain a fháil ar na sonraí atá stóraithe sa chóras taisclann agus na sonraí sin a fhiosrú.

<sup>(1)</sup> IO L 127, 29.4.2014, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/574 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2017 maidir le caighdeáin theicniúla chun córas inrianaitheachta maidir le táirgí tobac a bhunú agus a oibriú (IO L 96, 16.4.2018, lch. 7).

<sup>(3)</sup> Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2014/40/AE a bhaineann le tobac agus le táirgí tobac a mhonarú, a chur i láthair agus a dhíol, COM(2021) 249 final.

- (6) Bunaithe ar an taithí agus ar an eolas a bailíodh, is gá rialacha teicniúla áirithe a leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/574 a leasú chun tuairisciú na gníomhaithe go léir a bhfuil baint acu le trádáil táirgí tobac a éascú, chun na dea-chleachtais a threisiú maidir le bainistiú agus anailís sonraí, agus dá bharr sin, chun feidhmiú an chórais inrianaitheachta do tháirgí tobac a fheabhsú. Baineann na rialacha teicniúla sin le hoibriú chomhpháirteanna éagsúla chóras na stóras, le cúraimí eisitheoirí cód aitheantas agus na nósanna imeachta atá le leanúint acu chomh maith le gníomhaíochtaí tuairiscithe na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na n-uirlisí teicniúla atá ar fáil do na Ballstáit i gcomhthéacs a ndualgas forfheidhmithe, go háirithe gach comhéadan rochtana lena n-áirítear cigireachtaí soghluaiste.
- (7) Tugann na leasuithe aghaidh ar roinnt eisceachtaí agus cásanna speisialta a bhí ann tar éis sheoladh an chórais inrianaitheachta, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha a bheith i láthair nach raibh páirteach ach in oibríochtaí trádála neamh-lóistíochta, rannpháirtíocht eintiteas nach bhfuil san Aontas i slabhra soláthair an Aontais, saoráidí a bheith ann lena ngabhann feidhmeanna neamh-mhionsonraithe agus miondíola, cásanna aitheantóirí cailte, cásanna aisghabhála earraí goidte, teagmhais TF a éilíonn athphróiseáil sonraí, agus cinn scríbe neamhthrádála neamhthipiciúla a bheith ann amhail saotharlanna nó ionaid diúscartha dramhaíola. Chuidigh oibríochtaí iarbhair an chórais inrianaitheachta freisin le léargas níos fearr a fháil ar mhéid na dtacar sonraí a stóráiltear agus a phróiseáiltear sa chóras stórtha, rud a fhágann gur gá athruithe áirithe a dhéanamh ar na rialacha maidir le féidearthachtaí agus saintréithe an chórais stórtha agus cúraimí sholáthraí an stóir thánaistigh.
- (8) Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/574 na nósanna imeachta chun oibreoirí na stórtha príomha agus tánaisteacha a roghnú. Chun comhsheasmhacht a áirithiú sa tslí ina gcuirfidh grúpa gnóthas, allmhaireoirí agus monaróirí nach de chuid an Aontais iad, fógraí faoi chéannacht an tsoláthraí atá beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin, agus ina síneofar na conarthaí ábhartha stórála sonraí, is iomchuí tuilleadh soiléirithe a dhéanamh ar rialacha áirithe maidir le fógraí a chur isteach agus maidir le síniú conarthaí stórála sonraí. Ina theannta sin, ós rud é go bhféadfadh leathnú an chórais inrianaitheachta tobac chuig na táirgí tobac go léir dá bhforáiltear in Airteagal 15(13) de Threoir 2014/40/AE líon na bhfógraí agus na gconarthaí stórála sonraí sin a mhéadú, is gá freisin tuilleadh mionsonraí a leagan síos maidir leis an nós imeachta chun leasuithe ar phríomhghnéithe na gconarthaí stórála sonraí a fhorghabháil, lena n-áirítear an fhéidearthacht shainráite don Choimisiún leasuithe den sórt sin a fhorghabháil go hintuigthe.
- (9) Is iomchuí freisin leasú a dhéanamh ar an tréimhse ina ndéanfar na conarthaí idir gach soláthraí stóir príomha agus soláthraí an stóir thánaistigh a shíniú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun a áirithiú go mbeidh dóthain ama ag na heintitis sin a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Maidir leis na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir leis an nós imeachta a bhaineann le foirceannadh an chaidrimh chonarthaigh idir an Coimisiún agus soláthraí an stóir thánaistigh, is gá mionsonraí breise a leagan síos maidir leis an tréimhse fógra nach mór do sholáthraí an stóir thánaistigh a urramú, ionas go ndéanfar leanúnachas gnó agus sreabhadh sonraí gan bhriseadh a áirithiú go hiomlán sa chóras.
- (10) Tháinig an Prótacal maidir le Trádáil Aindleathach i dtáirgí Tobac a Dhíothú a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (\*), ina ndéantar foráil maidir le pacáiste beart atá le déanamh ag a Páirtithe chun deireadh a chur leis an trádáil aindleathach i dtáirgí tobac, i bhfeidhm an 25 Meán Fómhair 2018. Is iomchuí go mbeadh an córas inrianaitheachta atá bunaithe san AE cothrom le dáta leis na forbairtí teicniúla a bhaineann le córas domhanda rianaithe agus lorgaireachta a bhunú.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/574 a leasú dá réir.
- (12) Ba cheart feidhm a bheith ag roinnt forálacha den Rialachán seo tráth is déanaí ná an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, ionas go mbeidh eisitheoirí cód aitheantas chomh maith le soláthraithe seirbhísí stóir agus gairis frithchrioscaíola agus oibreoirí eacnamaíocha eile in ann ullmhú do na ceanglais a thugtar isteach leis na forálacha sin.

(\*) Prótacal ar mhaithe le trádáil aindleathach i dtáirgí tobac a dhíothú a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (IO L 268, 1.10.2016, lch. 1).

- (13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 25 de Threoir 2014/40/AE,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/574 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

“Airteagal 2

#### Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, chomh maith leis na sainmhínte a leagtar síos in Airteagal 2 de Threoir 2014/40/AE, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘aitheantóir uathúil’ an cód alfa-uimhriúil lenar féidir aonadphacáiste nó pacáistíocht chomhiomlánaithe táirgí tobac a shainaithint;
- (2) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil baint aige le trádáil táirgí tobac, lena n-áirítear lena n-onnmhairiú, ón monaróir go dtí an t-oibreoir eacnamaíoch deireanach roimh an gcéad asraon miondíola;
- (3) ciallaíonn ‘an chéad asraon miondíola’ an tsaoráid ina gcuirtear táirgí tobac ar an margadh den chéad uair, lena n-áirítear meaisíní díola a úsáidtear chun táirgí tobac a dhíol;
- (4) ciallaíonn ‘onnmhairiú’ loingsiú ón Aontas chuig tríú tír;
- (5) ciallaíonn ‘pacáistíocht chomhiomlánaithe’ aon phacáistíocht ina bhfuil níos mó ná aonad **phacáiste** amháin de tháirgí tobac;
- (5a) ciallaíonn ‘dí-chomhbhailiú pacáistíochta comhiomlánaithe’ aon díchóimeáil de phacáistíocht chomhiomlánaithe táirgí tobac;
- (6) ciallaíonn ‘saoráid’ aon suíomh, foirgneamh, oifig nó meaisín díola ina ndéantar táirgí tobac a mhonarú, a stóráil, a láimhseáil go loighciúil nó ó thaobh airgeadais de, nó a chur ar an margadh;
- (7) ciallaíonn ‘gaires frithchrioscaíola’ an fheiste lena gceadaítear an próiseas fíoraith a thaifeadh tar éis gach aitheantóir uathúil ar leibhéal aonaid a chur i bhfeidhm trí bhithin fiseáin nó chomhad loga, ar feiste í nach féidir le hoibreoir eacnamaíoch í a thaifeadh a thuilleadh;
- (8) ciallaíonn ‘comhaid chomhréidhe as líne’ na comhaid leictreonacha arna mbunú agus arna gcothabháil ag gach eisitheoir cód aitheantas ina bhfuil sonraí i bhformáid shimplí téacs lena gceadaítear faisnéis a asbhaint arna hionchódú sna haitheantóirí uathúla (seachas an stampa ama) a úsáidtear ar an bpaicéad aonaid agus ar leibhéal chomhiomlánaithe pacáistíochta gan rochtain a fháil ar an gcóras stórtha;
- (9) ciallaíonn ‘clárann’ an taifead arna bhunú agus arna chothabháil ag gach eisitheoir cód aitheantas ar na cóid aitheantais uile a ghintear d’oibreoirí eacnamaíocha, d’oibreoirí na gcéad asraonta miondíola, do shaoráidí miondíola agus do mheaisíní mar aon leis an bhfaisnéis chomhfhreagrach;
- (10) ciallaíonn ‘iompróir sonraí’ iompróir a dhéanann ionadaíocht ar shonraí i bhfoirm is inléite le cúnaimh feiste;
- (11) ciallaíonn ‘meaisín’ cóimeálacha innealra a úsáidtear chun táirgí tobac a mhonarú agus atá mar chuid dhílis den mhodh monaraíochta;
- (11a) ciallaíonn ‘páirt mheaisín’ aon chuid sheasta nó soghluaiste inaitheanta de mheaisín ar choinníoll gur modúl iomlán an chuid sin. Féadfar cuid soghluaiste a úsáid le haghaidh meaisín amháin nó níos mó go comhuaineach nó go hidirmhalartaithe;



- (12) ciallaíonn 'stampa ama' an dáta agus an t-am a tharlaíonn teagmhas áirithe arna thaifeadadh in AUL (Am Uilíoch Lárnach) i bhformáid fhorordaithe;
  - (13) ciallaíonn 'stór príomha' stór ina stóráiltear sonraí inrianaitheachta a bhaineann go heisiach le táirgí monaróra nó allmhaireora ar leith;
  - (14) ciallaíonn 'stór tánaisteach' stór ina bhfuil cóip de na sonraí inrianaitheachta uile atá stóráilte sna stórtha príomha;
  - (15) ciallaíonn 'ródaire' feiste arna bunú laistigh den stór tánaisteach a aistríonn sonraí idir comhphárteanna éagsúla den chóras stórtha;
  - (16) ciallaíonn 'córas stórtha' an córas ina bhfuil na stórtha príomha, an stór tánaisteach agus an ródaire;
  - (17) ciallaíonn 'foclóir um shonraí comhchoiteanna' tacar faisnéise ina ndéantar tuairisc ar inneachar, formáid agus struchtúr bunachair sonraí agus ar an ngaol idir a eilimintí, a úsáidtear chun rochtain ar na bunachair sonraí is coiteann do gach stór príomha agus tánaisteach, agus ionramháil na mbunachar sonraí sin, a rialú;
  - (18) ciallaíonn 'lá oibre' gach lá oibre sa Bhallstát a bhfuil eisitheoir an cód aitheantas inniúil maidir leis;
  - (19) ciallaíonn 'trasloingsiú' aon aistriú táirgí tobac ó fheithicil amháin go feithicil eile nach dtéann táirgí tobac isteach i saoráid lena linn agus nach n-imíonn siad aisti;
  - (20) ciallaíonn 'veain díola' feithicil a úsáidtear chun táirgí tobac a sheachadadh ar il-asraonta miondíola i gcainníochtaí nach bhfuil réamhchinntithe roimh an seachadadh;
  - (21) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse TF' soláthraí seirbhíse a gcuireann oibreoir eacnamaíoch de chúram air faisnéis maidir le gluaiseachtaí táirgí agus faisnéis idirbheartaíochta a tharchur chuig an gcóras stórtha.”
- (2) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:
- “9. Féadfaidh eisitheoir an chóid aitheantais táillí a bhunú agus a ghearradh ar oibreoirí eacnamaíocha as aitheantóirí uathúla a ghiniúint agus a eisiúint. Beidh na táillí neamh-idirdhealaitheach, costasbhunaithe agus comhréireach le líon na n-aitheantóirí uathúla a ghintear agus a eisítear d'oibreoirí eacnamaíocha agus modh an tseachadta á chur san áireamh. Féadfaidh táillí na costais sheasta agus athraitheacha uile a thabhaíonn eisitheoir an cód aitheantas agus a cheanglais faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh aige.”
- (3) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- “2. Déanfar an próiseas dá dtagraítear i mír 1 a chosaint le gaireas frithchrioscaíola arna sholáthar agus arna shuiteáil ag tríú páirtí neamhspleách a thabharfaidh dearbhú do na Ballstáit ábhartha agus don Choimisiún go gcomhlíonann an fheiste shuiteáilte ceanglais an Rialacháin seo. Soláthrófar leis an taifead arna ghiniúint ag an bhfeiste cruthúnas ar chur i bhfeidhm ceart agus ar inléiteacht gach aitheantóra uathúil ar leibhéal aonaid. Áiritheoidh an fheiste go ndéanfar aon easnamh sa phróiseas marcála dá dtagraítear in Airteagal 6 a thaifeadadh.”
- (4) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- “2. Beidh eisitheoirí cód aitheantas freagrach as cód a ghiniúint ina mbeidh na heilimintí a liostaítear i mír 1, pointe (a), pointe (b), agus pointe (c).
- Ullmhóidh eisitheoirí cód aitheantas agus cuirfidh siad treoracha ar fáil go poiblí maidir le hionchódú agus maidir le díchódú na n-UInna ar leibhéal aonaid i gcomhréir le hIarscríbhinn III.”
- (5) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- “1. Seolfaidh monaróirí agus allmhaireoirí iarraidh chuig an eisitheoir cód aitheantais inniúil le haghaidh UInna ar leibhéal aonaid dá dtagraítear in Airteagal 8 agus chuig na cóid chomhfhreagracha inléite ag an duine dá dtagraítear in Airteagal 23. Déanfar iarrataí a thabhairt isteach go leictreonach, i gcomhréir le hAirteagal 36.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Laistigh de dhá lá oibre ón iarraidh a fháil agus san ord a léirítear, déanfaidh eisitheoir an cód aitheantas an méid seo a leanas:

- (a) na cóid dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus na cóid chomhfhreagracha inléite ag an duine dá dtagraítear in Airteagal 23 a ghiniúint;
- (b) an dá thacar cód mar aon leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a tharchur tríd an ródaire chuig stór príomha an mhonaróra iarrthaigh nó an allmhaireora iarrthaigh, mar a bhunaítear faoi Airteagal 26; agus
- (c) an dá thacar cód a tharchur go leictreonach chuig an monaróir iarrthach nó chuig an allmhaireoir iarrthach.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Mar sin féin, féadfaidh Ballstát ceangal a chur ar eisitheoirí cód aitheantais seachadadh fisiceach UInna ar leibhéal aonaid a thairiscint mar mhalairt ar sheachadadh leictreonach. I gcásanna ina dtairgfear seachadadh fisiceach UInna ar leibhéal aonaid, sonrúidh monaróirí agus allmhaireoirí cé acu a iarrtar seachadadh fisiceach nó nach n-iarrtar. Sa chás sin, laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh a fháil agus san ord a léirítear, déanfaidh eisitheoir an chóid aitheantais an méid seo a leanas:

- (a) na cóid dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus na cóid chomhfhreagracha inléite ag an duine dá dtagraítear in Airteagal 23 a ghiniúint;
- (b) an dá thacar cód mar aon leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a tharchur tríd an ródaire chuig stór príomha an mhonaróra iarrthaigh nó an allmhaireora iarrthaigh, mar a leagtar síos faoi Airteagal 26;
- (c) an dá thacar cód a tharchur go leictreonach chuig an monaróir iarrthach nó chuig an allmhaireoir iarrthach;
- (d) an dá thacar cód a sheachadadh ar an monaróir iarrthach nó ar an allmhaireoir iarrthach i bhfoirm barrachód optúil, i gcomhréir le hAirteagal 21, a chuirtear ar iompróirí fisiceacha, amhail lipéid ghreamaitheacha.”.

(6) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Beidh eisitheoirí cód aitheantas freagrach as cód a ghiniúint ina mbeidh na heilimintí a liostaítear i mír 1, pointe (a), pointe (b), agus pointe (c).

Ullmhóidh eisitheoirí cód aitheantas agus cuirfidh siad treoracha ar fáil go poiblí maidir le hionchódú agus maidir le díchódú na n-UInna comhbhailithe ar leibhéal.”.

(7) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Beidh feidhm ag oibreoirí eacnamaíocha agus oibreoirí na gcéad asraonta miondíola maidir le cód aonair (‘cóid aitheantóra oibreora eacnamaíoch’) ó eisitheoir an chóid aitheantais atá inniúil i leith gach Ballstáit ina bhfuil saoráid amháin ar a laghad á hoibriú acu. Déanfaidh allmhaireoirí iarratas freisin ar chóid aitheantais ó eisitheoir an chóid aitheantais atá inniúil maidir le gach Ballstát a gcuireann siad a gcuid táirgí ar an margadh.

Oibreoirí eacnamaíocha a bhainistíonn stórais neamhspleácha nach bhfuil bunaithe san Aontas agus a láimhseálann táirgí a mhonaraítear san Aontas agus atá ceaptha do mhargaí an Aontais atá faoi bhealach trí thrú tíortha, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar chóid aitheantais oibreora eacnamaíoch ón eisitheoir cód aitheantas atá inniúil don Bhallstát a ndéantar an chuid is mó de na táirgí a láimhseálann na hoibreoirí eacnamaíocha sin a láimhseáil ar a margadh.”.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfaidh an t-oibreoir ábhartha aon mhodhnú ar an bhfaisnéis a chuirfear isteach san fhoirm iarratais tosaigh agus aon scor de ghníomhaíochtaí an oibreora a chur in iúl d’eisitheoir an chóid aitheantas gan mhoill sna formáidí a léirítear i bpointí 1.2 agus 1.3 de Roinn 1 de Chaibidil II d’Iarscríbhinn II dá réir sin. I gcás nach ann don oibreoir a thuilleadh, díchláróidh eisitheoir an chóid aitheantas cód aitheantais an oibreora eacnamaíoch.

De thoradh díchlárú cóid aitheantais oibreora eacnamaíoch, díchláróidh an t-eisitheoir cód aitheantas cóid aitheantais saoráide ghaolmhara agus cóid aitheantais meaisín go huathoibríoch.”.

(8) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Laistigh de dhá lá oibre, tarchuirfidh eisitheoir an chóid aitheantas an cód chuig an oibreoir iarrthach.

Más monaróir nó allmhaireoir é an t-oibreoir iarrthach, déanfaidh sé, laistigh de dhá lá oibre ón gcód a fháil, an cód mar aon leis an bhfaisnéis faoina stór príomha a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 26 a tharchur chuig oibreoir an stóir thánaistigh.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Beidh an fhaisnéis uile a chuirfear faoi bhráid eisitheoir an chóid aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 14(2), agus na cóid aitheantais chomhfhreagracha, mar chuid de chlárann a bheidh le bunú, le bainistiú agus le coinneáil cothrom le dáta ag eisitheoir inniúil an chóid aitheantas. Coinneoidh eisitheoir inniúil an chóid aitheantas taifead ar an bhfaisnéis a stóráiltear sa chlár fad a bheidh an córas inrianaitheachta oibríochtúil.”.

(9) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Sainaitheofar na saoráidí go léir ón monarú go dtí an chéad asraon miondíola le cód aonair (‘cód aitheantóra saoráide’) arna ghiniúint ag eisitheoir an chóid aitheantas atá inniúil don chríoch ina bhfuil an tsaoaráid suite.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, sainaitheofar an chéad asraon miondíola atá comhtháite i gcineál saoráide neamh-mhionghearrtha le cód aitheantóra saoráide ar leithligh lena gcomhfhreagraítear dá fheidhm.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Beidh feidhm ag oibreoirí eacnamaíocha agus oibreoirí na gcéad asraonta miondíola maidir le cód aitheantóra saoráide lena soláthrófar don eisitheoir cód aitheantas an fhaisnéis a liostaítear i bpointe 1.4 de Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn II, san fhormáid a léirítear ann.

Oibreoirí eacnamaíocha a bhainistíonn stórais neamhspleácha nach bhfuil bunaithe san Aontas agus a láimhseálann táirgí a mhonaraítear san Aontas agus atá i ndán do mhargaí an Aontais atá faoi bhealach trí thríú tíortha, féadfaidh siad cur isteach ar chóid aitheantais saoráide do stóras neamhspleách atá lonnaithe i dtríú tír ón eisitheoir aitheantais atá inniúil don Bhallstát ar ar a mhargadh a chuirtear an chuid is mó de na táirgí a láimhseálann na hoibreoirí eacnamaíocha sin. Chuige sin, soláthróidh siad an fhaisnéis a liostaítear i bpointe 1.4 de Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn II, san fhormáid a léirítear ann, d'eisitheoir an chóid aitheantas.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfaidh an t-oibreoir ábhartha aon mhodhnú ar an bhfaisnéis a chuirfear isteach san fhoirm iarratais tosaigh agus aon scor de ghníomhaíochtaí an oibreora a chur in iúl d'eisitheoir an chóid aitheantas gan mhoill sna formáidí a léirítear i bpointí 1.5 agus 1.6 de Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn II dá réir sin.

De thoradh díchlárú cóid aitheantais saoráide, déanfaidh eisitheoir an chóid aitheantas na cóid aitheantais meaisín ghaolmhara a dhíchlárú go huathoibríoch.”

(10) In Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Beidh an fhaisnéis uile a chuirfear faoi bhráid eisitheoir an chóid aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 16(2) agus na cóid aitheantais chomhfhreagracha mar chuid de chlárann a bheidh le bunú, le bainistiú agus le coinneáil cothrom le dáta ag eisitheoir inniúil an chóid aitheantas. Coinneoidh eisitheoir inniúil an chóid aitheantas taifead ar an bhfaisnéis a stóráiltear sa chlár fad a bheidh an córas inrianaitheachta oibríochtúil.”.

(11) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Sainaitheofar gach meaisín agus gach cuid meaisín le cód aonair (‘cód aitheantóra meaisín’) arna ghiniúint ag eisitheoir an chóid aitheantas atá inniúil don chríoch ina bhfuil an meaisín suite.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Is ar an allmhaireoir atá bunaithe laistigh den Aontas a bheidh an oibleagáid iarratas a dhéanamh ar chóid aitheantais meaisín a bhaineann le meaisíní agus páirteanna meaisín atá lonnaithe i saoráidí monaraíochta lasmuigh den Aontas. Beidh feidhm ag an allmhaireoir maidir le haon eisitheoir cód aitheantas arna cheapadh ag Ballstát a gcuireann sé a tháirgí ar an margadh. Beidh clárú an allmhaireora faoi réir thoilíú an eintitis atá freagrach as an tsaoráid monaraíochta tríú tír. Cuirfidh an t-allmhaireoir an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an tsaoráid monaraíochta tríú tír ar an eolas maidir le mionsonraí iomlána an chlárúcháin, lena n-áirítear an cód aitheantais leithdháilte meaisín.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Aon mhodhnú ar an bhfaisnéis a chuirtear isteach san fhoirm iarratais tosaigh agus aon díchoimisiúnú ar na meaisíní cláraithe agus ar na meaisíní cláraithe, tabharfaidh an monaróir nó an t-allmhaireoir fógra ina leith gan mhoill d’eisitheoir an chóid aitheantas sna formáidí a léirítear i bpointe 1.8 agus i bpointe 1.9 de Roinn 1 de Chaibidil II d’Iarscríbhinn II.

Déanfaidh monaróirí agus allmhaireoirí gach modhnú is gá ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach sna foirmeacha iarratais tosaigh chun an fhaisnéis is gá a sholáthar maidir le páirteanna meaisín a bhfuil cód aitheantais meaisín ag teastáil ina leith faoin 20 Bealtaine 2024. Déanfar na modhnuithe san fhoirm a léirítear i bpointe 1.8 de Roinn 1 de Chaibidil II d’Iarscríbhinn II. Beidh feidhm ag an gceanglas sin freisin maidir leis an bhfaisnéis ar mheaisíní nach bhfuil aon pháirt mheaisín inaitheanta ar leithligh iontu.”.

(12) In Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Beidh an fhaisnéis uile a chuirfear faoi bhráid eisitheoir an chóid aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 18(2) agus na cóid aitheantais chomhfhreagracha mar chuid de chlárú a bheidh le bunú, le bainistiú agus le coinneáil cothrom le dáta ag eisitheoir inniúil an chóid aitheantas. Coinneoidh eisitheoir inniúil an chóid aitheantas taifead ar an bhfaisnéis a stóráiltear sa chlár fad a bheidh an córas inrianaitheachta oibríochtúil.”.

(13) In Airteagal 20, cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

“5. Soláthróidh eisitheoirí cód aitheantais seirbhís shlán ar líne d’oibreoirí eacnamaíocha agus d’oibreoirí na gcéad asraonta miondíola lena ligfear dóibh dul i gcomhairle leis na clárlanna dá dtagraítear i mír 1 a mhéid a bhaineann lena gcóid aitheantais oibreora eacnamaíoch, saoráide agus meaisín féin. Áireofar leis an tseirbhís sin nós imeachta slán d’oibreoirí eacnamaíocha agus d’oibreoirí na gcéad asraonta miondíola chun a gcóid aitheantais oibreora eacnamaíoch féin a athéileamh.”.

(14) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás UInna ar leibhéal aonaid a sheachadtar go leictreonach, tá monaróirí agus allmhaireoirí freagrach as UInna ar leibhéal aonaid a ionchódú i gcomhréir le mír 1 agus le hIarscríbhinn III.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. I gcás UInna ar leibhéal aonaid a chuirtear ar fáil go fisiceach, is iad eisitheoirí cód aitheantas atá freagrach as na cóid arna nginiúint de bhun Airteagal 8(2), i gcomhréir le mír 1 agus le hIarscríbhinn III, a ionchódú.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Chun na hiompróirí sonraí dá dtagraítear i mír 1 a idirdhealú ó aon iompróir sonraí eile a chuirtear ar phaiceid aonaid, féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha an mharcáil ‘TTT’ nó ‘EU TTT’ a chur in aice leis na hiompróirí sonraí sin.

Chun na hiompróirí sonraí dá dtagraítear i mír 5 a idirdhealú ó aon iompróir sonraí eile a chuirtear ar phacáistíocht chomhiomlánaithe, cuirfidh oibreoirí eacnamaíocha an mharcáil ‘EU TTT’ in aice leis na hiompróirí sonraí sin.”.

(15) In Airteagal 25(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

“(g) ceadóidh sé bailíochtú uathoibríoch teachtaireachtaí a fhaightear ó oibreoirí eacnamaíocha ag gach pointe iontrála chuig an gcóras, lena n-áirítear diúltú teachtaireachtaí míchearta nó neamhiomlána, go háirithe gníomhaíochtaí tuairiscithe a bhaineann le haitheantóirí uathúla neamhchláraithe nó dúbailte, trína stóráiltear an córas stórtha an fhaisnéis maidir le haon teachtaireacht a dhiúltaítear. Déanfaidh an faighteoir teachtaireachtaí arna dtarchur ag eisitheoirí an aitheantais agus ag na príomhstórtha chuig an ródaire agus chuig an stór tánaisteach a bhailíochtú arís.”.

(16) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Déanfaidh an stór tánaisteach foráil maidir le comhéadain ghrafacha agus neamhghrafacha, lena n-áirítear comhéadain ríomhchlárúcháin feidhmchlár, comhéadain stáiseanóireachta agus comhéadain úsáideoirí shoghluaiste ina bhfuil feidhmchlár cigireachta le haghaidh na bpríomhchóras oibriúcháin soghluaiste, lena gcuirtear ar chumas na mBallstát agus an Choimisiúin rochtain a fháil ar na sonraí atá stóráilte sa chóras stórtha agus iad a fhiosrú, agus úsáid á baint as na feidhmeanna cuardaigh bunachar sonraí uile atá ar fáil go coitianta, lena n-áirítear Teanga Iarratas Struchtúrtha (SQL) nó comhréir chomhionann chun ceisteanna saincheaptha a thógáil, go háirithe trí na hoibríochtaí seo a leanas a dhéanamh go cianda:

- (a) aon fhaisnéis a bhaineann le haitheantóir uathúil amháin nó le haitheantóirí uathúla iolracha a aisghabháil, lena n-áirítear comparáid agus cros-seiceáil a dhéanamh ar aitheantóirí uathúla iolracha agus ar an bhfaisnéis ghaolmhar, go háirithe an áit a bhfuil siad sa slabhra soláthair;
- (b) liostaí agus staitisticí a chruthú, amhail stoic táirgí agus uimhreacha insreafa/eis-sreafa, a bhaineann le gné amháin nó níos mó den fhaisnéis tuairiscithe a liostaítear mar Réimsí Sonraí in Iarscríbhinn II;
- (c) sainaitheint na dtáirgí tobac uile a thuiriscigh oibreoir eacnamaíoch don chóras, lena n-áirítear na táirgí a tuairiscíodh mar tháirgí a aisghaireadh, a tarraingíodh siar, a goideadh, atá ar iarraidh nó atá beartaithe lena ndíothú.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Cuirfidh na comhéadain úsáideora dá dtagraítear i mír 2 ar chumas gach Ballstáit agus an Choimisiúin a rialacha féin a chumadh maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) foláireamh uathoibríoch bunaithe ar eisceachtaí agus ar theagmhais thuiriscithe shonracha, amhail luaineachtaí tobanna nó neamhrialtachtaí sa trádáil, iarracht aitheantóirí uathúla dúblacha a thabhairt isteach sa chóras, na haitheantóirí dá dtagraítear in Airteagal 15(4), Airteagal 17 (4) agus Airteagal 19(4) a dhíghníomhachtú, nó i gcás ina léiríonn oibreoirí eacnamaíocha táirge mar tháirge a goideadh nó atá ar iarraidh;
- (b) tuarascálacha tréimhsiúla a fháil bunaithe ar aon teaghlaim de na heilimintí d'fhaisnéis tuairiscithe a liostaítear mar Réimse Sonraí in Iarscríbhinn II;
- (c) deaiseanna saincheaptha, le haghaidh comhéadain stáiseanach.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Cuirfidh na comhéadain úsáideoirí dá dtagraítear i mír 2 ar chumas na mBallstát agus an Choimisiúin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) nasc cianda a dhéanamh leis na sonraí atá stóráilte sa chóras stórtha leis na bogearraí anailíseacha is rogha leo;
- (b) pointí sonraí aonair a nótaíl chun críocha anailíseacha, agus bratacha agus a luachanna stóráilte sa stór tánaisteach agus iad infheicthe ag gach úsáideoir nó ag úsáideoirí roghnaithe amháin;
- (c) eilimintí sonraí seachtracha a uaslódáil, amhail patrúin normalaithe branda, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh feabhsuithe ar fheidhmiúlachtaí anailíseacha sonraí.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Déanfar na comhéadain úsáideora dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.”.

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Ní bheidh am freagartha foriomlán an stóir d'aon chineál fiosrúcháin nó trucidir foláirimh atá bunaithe cheana féin, gan luas nasc idirlín an úsáideora deiridh a mheas, níos mó ná 10 soicind i gcás na sonraí atá stóráilte ar feadh níos lú ná 2 bhliain agus gan níos mó ná 15 soicind i gcás na sonraí atá stóráilte ar feadh 2 bhliain nó níos mó, i 99 % ar a laghad de gach cineál ceisteanna agus foláireamh uathoibríoch atá bunaithe cheana féin agus atá tuartha faoi mhír 2 agus faoi mhír 3. Ullmhóidh soláthraí an stóir thánaistigh na tacair sonraí is gá chun freagra a thabhairt, i gcomhréir leis na hamlínte forordaithe, ar aon cheist nua nó aon trucidir foláirimh nua laistigh de 4 seachtaine ó iarraidh a fháil ó na Ballstáit nó ón gCoimisiún. Tar éis na tréimhe sin, measfar go bhfuil na cineálacha fiosruithe nó spreagthóirí foláirimh a iarradh nua bunaithe cheana féin chun críche na n-amanna freagartha a leagtar síos sa mhír seo.”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. Maidir le pointí sonraí agus teachtaireachtaí aonair, ní bheidh an t-am foriomlán idir teacht na sonraí gníomhaíochta tuairiscithe agus a hinrochtaineacht, trí na comhéadain ghrafacha agus neamhghrafacha, sna stórtha príomhúla agus tánaisteacha níos mó ná 60 soicind i 99 % de na gníomhaíochtaí aistrithe sonraí ar fad ar a laghad. Maidir le tacair sonraí anailíseacha réamhstruchtúrtha, ní bheidh an t-am foriomlán idir teacht na sonraí gníomhaíochta tuairiscithe agus a hinrochtaineacht, trí na comhéadain ghrafacha, sa stór tánaisteach níos mó ná 24 uair an chloig i 99 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí aistrithe sonraí go léir.”;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

“10. Déanfaidh soláthraí an stóir thánaistigh clár den fhaisnéis a aistrefar chuige i gcomhréir le hAirteagal 20(3) a bhunú agus a chothabháil. Coinneoidh soláthraí an stóir thánaistigh taifead den fhaisnéis a stóráiltear sa chlár fad a bheidh an córas inrianaitheachta i bhfeidhm.

Féadfaidh eisitheoirí cód aitheantas agus soláthraithe stórtha príomhúla rochtain a bheith acu ar an gclár dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun na teachtaireachtaí a sheolann monaróirí agus allmhaireoirí chucu a bhailíochtú.”;

(h) cuirtear mír 13 seo a leanas isteach:

“13. Eagróidh soláthraí an stóir thánaistigh seisiún oiliúna teicniúla lae iomlán amháin ar a laghad in aghaidh na bliana d’úsáideoirí ó gach Ballstát agus ón gCoimisiún maidir le húsáid na gcomhéadain úsáideora dá dtagraítear i mír 2. Déanfaidh soláthraí an stóir thánaistigh tacar iomlán doiciméadachta teicniúla agus úsáideora a fhorbairt agus a choinneáil cothrom le dáta do na húdaráis inniúla atá ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais.”;

(i) cuirtear an mhír 14 seo a leanas isteach:

“14. Cuirfidh soláthraí an stóir thánaistigh iarratas cigireachta ar fáil do na príomhchórais oibriúcháin shoghluaiste lena gcuirfear ar chumas na mBallstát agus an Choimisiúin nascadh leis an stór tánaisteach trí na comhéadain úsáideoirí shoghluaiste dá dtagraítear i mír 2.”.

(17) Leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfaidh an soláthraí atá ag oibriú an stóir thánaistigh an liosta sonraíochtaí, lena n-áirítear rialacha comhchoiteanna maidir le bailíochtú, is gá don mhalartú sonraí leis an stór tánaisteach agus leis an ródaire, a chur in iúl do sholáthraithe a bhfuil stórtha príomhúla á n-oibriú acu, d’eisitheoirí cód aitheantais agus d’oibreoirí eacnamaíocha. Beidh na sonraíochtaí uile bunaithe ar chaighdeáin oscailte neamhdhílseánaigh.

Aon soláthraí athsholáthair nua-roghnaithe a oibríonn an stór tánaisteach, beidh sé ag brath ar an leagan is déanaí de liosta na sonraíochtaí arna gcur in iúl ag a réamhtheachtaí. Aon nuashonrú a dhéanfar ar liosta na sonraíochtaí a théann níos faide ná an t-athrú ar chéannacht an tsoláthraí, déanfar é i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 3.

Cuirfear an liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an dáta a roghnaíodh an soláthraí atá ag oibriú an stóir thánaistigh.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ar bhonn na faisnéise a liostaítear in Iarscríbhinn II, bunóidh an soláthraí a oibríonn an stór tánaisteach foclóir coiteann sonraí. Tagróidh an foclóir sonraí coiteann do lipéid ar réimsí sonraí i bhformáid inléite an duine.

Aon soláthraí athsholáthair nua-roghnaithe a oibríonn an stór tánaisteach, beidh sé ag brath ar an leagan is déanaí den fhoclóir sonraí a chuir a réamhtheachtaí in iúl. Déanfar aon nuashonruithe ar an bhfoclóir sonraí a théann níos faide ná an t-athrú ar chéannacht an tsoláthraí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 3.

Cuirfear an foclóir sonraí coiteann in iúl do na soláthraithe a oibríonn príomh stórtha sonraí tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an dáta a roghnaíodh an soláthraí a oibríonn an stór tánaisteach.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Aon uair is gá chun oibriú éifeachtach an chórais stórtha a áirithiú i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, déanfaidh an soláthraí a bheidh ag oibriú an stóir thánaistigh an liosta dá dtagraítear i mír 1 agus an foclóir sonraí coiteann dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt cothrom le dáta. Rachfar i gcomhairle le haon nuashonrú den sórt sin maidir le soláthraithe a oibríonn príomhstórtha agus eisitheoirí cód aitheantas, agus cuirfear in iúl é ina dhiaidh sin do sholáthraithe a oibríonn príomhstórtha, d’eisitheoirí cód aitheantas agus d’oibreoírí eacnamaíocha 2 mhí ar a laghad roimh dháta chur chun feidhme an nuashonraithe sa chóras.”;

(d) cuirtear isteach mír 4, mír 5 agus mír 6 seo a leanas:

“4. Arna iarraidh sin do sholáthraí príomhstóir, féadfaidh soláthraí an stóir thánaistigh oibríochtaí athphróiseála sonraí a dhéanamh a mhéid is gá chun iarmhairtí teagmhas agus clistí TF roimhe seo a dhíothú. Ní bheidh oibríochtaí den sórt sin indéanta ach amháin chun an fhaisnéis atá stóráilte sa stór tánaisteach a chomhlánú nó a cheartú agus ní bheidh siad teoranta d’ath-reáchtáil oibríochtaí rialta an stóir thánaistigh. Déanfaidh siad na hiarmhairtí diúltacha a d’fhéadfadh a bheith ann d’oibreoírí eacnamaíocha nach mbaineann leis an stór príomha iarrthach a eisiamh a mhéid is féidir.

5. Bunóidh soláthraí an stóir thánaistigh seirbhís deisce cabhrach d’údaráis inniúla na mBallstát, don Choimisiún, d’eisitheoirí cód aitheantais, do sholáthraithe seirbhísí stóir, d’oibreoírí eacnamaíocha agus do sholáthraithe seirbhísí TF. Ní bhainfidh an tseirbhís deisce cabhrach ach le gníomhaíochtaí agus feidhmeanna an ródaire agus an stóir thánaistigh agus beidh sí ar fáil ar fud na mBallstát ar feadh 8 n-uair an chloig ar a laghad ar laethanta oibre, seachas an 1 Eanáir, an 25 Nollaig agus an 26 Nollaig, agus i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar a laghad. Ní bheidh na hamanna freagartha níos faide ná 2 lá oibre i 75 % de na hiarrataí ar fad ar a laghad. Ní bheidh an meán-am freagartha míosúil in aghaidh na hiarrata níos faide ná 4 lá oibre. Féadfaidh soláthraí an stóir thánaistigh rochtain ar an tseirbhís deisce cabhrach d’oibreoírí eacnamaíocha a rialáil mar chuid dá bheartas maidir le húsáid chóir a leagtar amach faoi na téarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 29(6) agus na conarthaí dá dtagraítear i mír 4 de Chuid B d’Iarscríbhinn I.

6. Bunóidh soláthraí an stóir thánaistigh timpeallacht tástála lena gceadófar d’eisitheoirí cód aitheantas, do sholáthraithe a oibríonn príomhstórtha agus d’oibreoírí eacnamaíocha dearbhú cáilíochta a dhéanamh maidir lena réitigh theicniúla agus lena ngnáthaimh sula ndéanfar iad a nascadh leis an gcóras taisclann. Déanfaidh an timpeallacht tástála an córas stórtha a ionsamhlú go dlúth.

Bunóidh soláthraí an stóir thánaistigh timpeallacht úsáideora-ghlacthachta-tástála lena gceadófar d’eisitheoirí cód aitheantas, do sholáthraithe a oibríonn príomhstórtha agus d’oibreoírí eacnamaíocha dearbhú cáilíochta a dhéanamh maidir lena réitigh theicniúla agus lena ngnáthaimh agus iad ag súil leis an gcéad leagan eile den chóras stórtha. Léireoidh an timpeallacht úsáideora-ghlacthachta tástála aon athruithe atá beartaithe ar an gcóras stórtha nuair a chuirfear in iúl iad i gcomhréir le mír 3.”

(18) In Airteagal 29, cuirtear isteach na míreanna 5 agus 6 seo a leanas:

“5. Maidir le monaróirí agus allmhaireoirí a bhfuil amhras orthu faoi fheidhmiú ceart a bpríomhstórtha, beidh siad in ann a fhíorú i gcoinne an ródaire, trí dhul i gcomhairle le hoibritheoir an ródaire, ar tarchuireadh i gceart teachtaireachtaí a bhaineann le seoladh deiridh táirgí atá as seilbh fhisiceach agus a sheoltar chuig na príomhstórtha. Féadfaidh soibreoír an ródaire teorainn laethúil a shocrú maidir le húsáid na feidhmiúlachta seo.

6. Déanfaidh soláthraí an stóir thánaistigh na téarmaí agus na coinníollacha, lena n-áirítear an beartas maidir le húsáid chóir, is infheidhme maidir le húsáid an stóir thánaistigh agus an ródaire, a bhunú agus a chur in iúl d’oibreoírí eacnamaíocha agus do sholáthraithe seirbhísí TF. Leis na téarmaí agus coinníollacha, ráthófar an ceart atá ag oibreoírí eacnamaíocha an stór tánaisteach agus an ródaire a úsáid i gcomhréir lena riachtanais ghnó agus déanfar cásanna úsáide faillíochta arís agus arís eile a chosc.”

(19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

“Airteagal 30

### Costais an chórais stórtha

1. Is ar mhonaróirí agus allmhaireoirí táirgí tobac a thitfidh na gnáthchostais uile a bhaineann leis an gcóras stórtha dá dtagraítear in Airteagal 24(1), lena n-áirítear na costais sin a eascraíonn as a bhunú, a oibriú agus a chothabháil. Beidh na costais sin cothrom, réasúnta agus comhréireach:

(a) ar na seirbhísí a rinneadh; agus

(b) do mhéid na n-UInna ar leibhéal aonaid a iarrtar thar thréimhse ama ar leith.

2. Cuirfear na gnáthchostais, de réir mar is infheidhme, a bhaineann leis an stór tánaisteach agus an ródaire a bhunú, a oibriú agus a chothabháil ar mhonaróirí agus ar allmhaireoirí táirgí tobac trí na costais a ghearrann soláthraithe na stórtha príomhúla orthu.

3. Na costais urghnácha uile a bhaineann leis na hoibríochtaí athphróiseála dá dtagraítear in Airteagal 28(4) a ghearrann soláthraí an stóir thánaistigh ar sholáthraí an príomhstóir a rinne an iarraidh, beidh siad cóir, réasúnta agus comhréireach leis na seirbhísí a dhéantar. Is ar sholáthraí an stóir thánaistigh féin, áfach, a bheidh aon chostais urghnácha a bhaineann leis na hoibríochtaí athphróiseála dá dtagraítear in Airteagal 28(4) sa mhéid go mbeidh sé freagrach as na cúiseanna as a dtiocfaidh na hoibríochtaí athphróiseála.”

(20) Leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Tarchuirfidh monaróirí agus allmhaireoirí an fhaisnéis a liostaítear i bpointí 3.1 go 3.5 de Roinn 3 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn II, san fhormáid a léirítear ann, chuig an príomhstór atá faoi chonradh acu. Tarchuirfidh gach oibreoir eacnamaíoch eile an fhaisnéis a liostaítear i bpointí 3.1 go 3.5 de Roinn 3 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn II, san fhormáid a léirítear ann, tríd an ródaire.

Maidir le seoladh táirgí tobac chuig saotharlanna, lárionaid diúscartha dramhaíola, údaráis náisiúnta, eagraíochtaí rialtais idirnáisiúnta, ambasáidí agus bunáiteanna míleata, tarchuirfidh monaróirí agus allmhaireoirí an fhaisnéis a liostaítear i bpointe 3.8 de Roinn 3 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn II, san fhormáid a léirítear ann, chuig an príomhstór atá ar conradh acu. Tarchuirfidh gach oibreoir eacnamaíoch eile an fhaisnéis a liostaítear i bpointe 3.8 de Roinn 3 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn II, san fhormáid a léirítear ann, tríd an ródaire.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad míreanna 6 agus 7:

